An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

An tAcht um Shaoráil Faisnéise
Leabhar Tagartha - Alt 15 agus 16

Treoir faoi Fheidhmiú an Achta agus Feidhmeanna, Taifid, Rialacha agus Cleachtais na Roinne

Lúnasa, 2008

CLÁR NA nÁBHAR

CUID A – CONAS A FHEIDHMÍONN AN tACHT SA ROINN

1. Réamhrá....4
2. Seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil....4
3. Struchtúr Eagraíochtúil....6
4. Faisnéis a Iarraidh ón Roinn faoin Acht....7
5. Athbhreithnithe agus Achomhairc....8
6. Rúndacht....9

CUID B – TREOIR FAOI NA FEIDHMEANNA & NA TAIFID ATÁ Á GCOIMEÁD AG AN ROINN

7.0 Feidhmeanna, Seirbhísí & Aicmí Taifead atá á gCoimeád ag an Roinn....11
7.1 Aonaid Ealaíon, Scannáin agus Ceoil....11
7.2 Aonad na bhForas Cultúir....13
7.3 Aonad Tionscadal Speisialta na bhForas Cultúir....15
7.4 Aonad Spóirt 1....16
7.5 Aonad Spóirt 2....19
7.6 Margaíocht Turasóireachta & Aonad Measúnaithe Tionchair....20
7.7 Rannán Beartais um Fhorbairt Turasóireachta....23
7.8 Aonad Acmhainní Daonna....25
7.9 Aonad Forbartha Corparáidí....27
7.10 Aonad Airgeadais agus Spóirt....28
7.11 Aonad Teicneolaíochta Faisnéise....29
7.12 Aonad Iniúchta Inmheánaigh....30
7.13 Oifig Phreasa agus Faisnéise....31
7.14 Oifig Phríobháideach an Aire....32
7.15 Oifig Phríobháideach an Ard-Rúnaí....33

CUID C – FAISNÉIS FAOI RIALACHA, CLEACHTAIS & NÓSANNA IMEACHTA I NDÁIL LE DÉANAMH CINNTÍ NA ROINNE

8.0 Faisnéis faoi Rialacha, Cleachtais & Nósanna Imeachta na Roinne....35
8.1 Scannáin....35
8.2 Ceol....36
8.3 *Culture Ireland*....39
8.4 Forais Chultúir – Míreanna oidhreachta....41
8.5 Clár Caipitil Spóirt....44
8.6 Clár Linne Snámha....48
8.7 Mórthionscadail Spóirt....50
8.8 Faoiseamh cánach ar Dheonacháin tugtha do Thionscadail Chaipitil Spóirt.50
8.9 Pearsanra & Riarachán Ginearálta....52

CUID D - AGUISÍNÍ

- Táillí SF....56
- Iarrataí SF trí RÍOMHPHOST....57
- Foirm Iarratais d'Iarraidh SF....58
- Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne a n-áirítear faoi SF....60
- Gluais Téarmaí....66

An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Leabhar Tagartha Alt 15 agus 16

Cuid A – Conas a Fheidhmíonn an tAcht sa Roinn

Ráiteas Misin na Roinne

Ráiteas Straitéise 2008-2010

"sochaí na hÉireann a shaibhriú trí tacú le fás tionscail turasóireachta iomaíoch agus inbhuanaithe agus ag ardú rochtain agus rannpháirtíocht i spóirt, ealaíon, agus cultúir".

1. RÉAMHRÁ

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 1997, agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003, tá ceart ag gach duine:

- rochtain a fháil ar fhaisnéis atá á coimeád ag comhlachtaí poiblí;
- faisnéis oifigiúil a bhaineann leis/léi féin a leasú sa chás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- cúiseanna a fháil faoi chinntí a bhfuil tionchar acu ar an duine féin,

i gcomhréir le leas an phobail agus ceart chun príobháideachta pearsan aonair.

Ullmhaíodh agus foilsíodh an leabhar tagartha seo de réir riachtanas Alt 15 agus 16 d'Acht 1997 arna leasú faoi Acht SF (Leasú), 2003 agus tá faisnéis faoi na nithe seo a leanas le fáil ann:

- **CUID A** – struchtúr na Roinne agus conas is féidir leat iarraidh a dhéanamh chuig an Roinn rochtain a fháil ar fhaisnéis;
- **CUID B** – feidhmeanna na Roinne; sonraí faoi na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus conas is féidir leas a bhaint as na seirbhísí agus aicmí na dtaifead atá á gcoimeád againn;
- **CUID C** – na rialacha agus na cleachtais a úsáideann an Roinn nuair a dhéantar cinntí faoi na scéimeanna a riarann sí;
- **CUID D** – táillí SF; iarrataí SF trí ríomhphost, foirm iarratais d'Iarraidh SF; Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne a n-áirítear faoi SF; Gluais téarmaí.

2. SEIRBHÍSÍ A CHUIREANN AN ROINN AR FÁIL

Bunaíodh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta (REST) i mí an Mheithimh 2002 ó fheidhmeanna agus foirne a bhain le trí Roinn/Oifig roimhe sin. Cuireann an Roinn raon seirbhísí ar fáil a bhaineann leis na healaíona, spóirt agus turasóireacht, na seirbhísí seo ina measc:

- Faisnéis, treoir agus soiléiriú ar bheartas sna hearnálacha ealaíon, spóirt agus turasóireachta.
- Athbhreithniú ar bheartas den chineál sin lena n-áirítear measúnacht ar thograí d'athrú beartais.
- Cláir Roinne cosúil leis na Cláir Chaipitil Spóirt (maoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) agus Clár Linne Snámha (maoinithe ag an Státchiste) a oibriú.
- Faisnéis agus soiléiriú a chur ar fáil do na gníomhaireachtaí éagsúla a fheidhmíonn cláir maoinithe ag an AE agus atá á chomhordú ag an Roinn, cosúil le Forbairt Táirge Turasóireachta agus Bearta Oiliúna faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, chun cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar dhul chun cinn a éascú de réir na dtéarmaí comhaontaithe le Coimisiún na hEorpa.
- Idirchaidreamh idir an Rialtas agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí Stáit éagsúla cosúil le *Tourism Ireland Ltd*., *Fáilte Ireland*, Comhairle Spóirt na hÉireann, An Chomhairle Ealaíon agus araile.

- Comhairle agus tacaíocht rúnaíochta agus riaracháin a chur ar fáil don Aire chun cabhrú leis/léi a (h)oibleagáidí reachtúla agus parlaiminteacha a chomhlíonadh.
- Seirbhísí corparáideacha a chur ar fáil don Roinn.

3. STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL

Tá an Roinn eagraithe i Rannáin a bhfuil Ard-Rúnaithe Cúnta i gceannas orthu. Tá Aonaid le fáil i ngach Rannán a bhfuil Príomhoifigigh i gceannas orthu. Duine den triúr Ard-Rúnaithe Cúnta atá i gceannas ar na Príomhoifigigh. Seo a leanas na hAonaid:



Tuairiscíonn Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne go díreach don Ard-Rúnaí

4. FAISNÉIS A IARRAIDH ÓN ROINN FAOIN ACHT

Féadfaidh pearsana aonair rochtain a lorg ón Roinn ar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil go poiblí ar shlí ar bith eile ar na taifid seo a leanas, atá á gcoimeád ag an Roinn agus atá laistigh de scóip an Achta:

- Gach taifead a bhaineann le faisnéis phearsanta atá á gcoimeád ag an Roinn, beag beann ar thráth a chruthaithe.
- Gach taifead eile a cruthaíodh ón 21 Aibreán 1998 ar aghaidh an dáta tosach feidhme leagtha síos do theacht i bhfeidhm an Achta.
- Gach taifead eile is gá chun taifead reatha a thuiscint.
- Taifid phearsanra d'fhoirne cruthaithe ón 21 Aibreán 1995 agus taifid cruthaithe roimh an dáta sin atá in úsáid nó a bheartaítear a úsáid ar shlí a théann chun dochair nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don duine i gceist.

Féadfar iarrataí ar fhaisnéis a dhéanamh i scríbhinn, ar facs nó ríomhphost[1] chuig na teagmhálacha thíos. Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfaí iarraidh ort fianaise ar chéannacht a thabhairt, go háirithe nuair atá faisnéis phearsanta á lorg, mar sin bí sásta Pas, Ceadúnas Tiomána, Teastas Breithe nó foirm aitheantais inghlactha eile a chur ar fáil.

Féadfar foirm iarratais dar teideal *"Iarratas ar Fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise"* a chur ar fáil duit trí theagmháil a dhéanamh leis an Roinn ag an seoladh thíos nó ar ár Láithreán Gréasáin – www.gov.ie/arts-sport-tourism. Beidh foireann na rannóige SF toilteanach cabhrú leat iarraidh a ullmhú. Tabhair an oiread faisnéise agus is féidir leat agus bí chomh sonrach agus is féidir leat a bheith le do thoil nuair a bhíonn faisnéis á iarraidh agat, mar go gcabhróidh sé lenár bhfoireann freagairt do d'iarraidh go tapa. Má theastaíonn freagra uait i leagan amach áirithe, sonraigh é seo i d'iarratas le do thoil.

Ba cheart iarratais ar fhaisnéis a chur chuig an seoladh thíos:

Comhordaitheoir na Saorála Faisnéise
Aonad na Saorála Fáisnéise
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
Fossadh
Cill Áirne
Co. Chiarraí

Teileafón: (064) 27316, (01) 631 3945
(lasmuigh de cheantar "06") – Lóghlao 1890 273000, 1890 383000 (lasmuigh de cheantar (01)
Facs: (064) 27320 (01) 676 1922
Ríomhphost: foi@dast.gov.ie

4.1 Táillí

[1] Tá bileog mhínitheach faoi iarrataí déanta trí ríomhphost agus foirm iarratais SF le fáil i gCuid D - Aguisíní

Tá dhá chineál táille iníoctha faoin Acht SF:

(i) táillí 'réamhíoctha' a bhíonn le hiarratas ar thaifead faoi alt 7 (nó iarratas ar athbhreithniú dá éis sin faoi alt 14 nó 34 – féach ar na sonraí iomlána i gCuid D). Ní mór go mbeadh táille €15 ag gabháil le hiarratas ar thaifead a bhfuil faisnéis neamhphearsanta ann nó má tá cárta leighis ag an duine, táille €10. [2] Tá na táillí le íoc maidir le athbhreithniú inmheánach nó achomharc an Choimisinéara Faisnéise leagtha amach i gCuid D – Aguisíní.

(ii) Táillí/éarlaisí de bhun iarrataí faoi alt 7 a bhaineann le costas cuardaigh agus aisghabhála agus cóipeáil taifead scaoilte. De réir an Achta SF, 1997, gearrfar táillí go ginearálta i dtaca leis na taifid ábhartha a fháil (am cuardaigh agus aisghabhála) agus cóipeáil na dtaifead ach ní i leith an méid ama a chaitheann comhlachtaí poiblí iarraidh a bhreithniú. Tá na táillí do theacht ar thaifid agus iad a chóipeáil forordaithe ag an Aire Airgeadais. Áit a bhfuil taifid á lorg ag pearsana aonair áfach, nach bhfuil iontu ach faisnéis phearsanta a bhaineann leis nó léi féin, ní ghearrfar táille le teacht ar na taifid ach amháin má tá go leor taifead i gceist.

Sa chás go bhfuil an táille 'réamhíoctha' iomchuí íoctha agus go measfar go mbeidh costas measta chuardaigh agus aisghabhála na dtaifead níos mó ná €50.79, d'fhéadfadh go mbeadh éarlais iníoctha. Sna himthosca seo, ní mór don Roinn, má iarrtar uirthi, cabhrú leat an iarraidh a leasú d'fhonn an táille atá i gceist a laghdú nó deireadh a chur léi.

Féadfar táillí a tharscaoileadh sna himthosca seo a leanas:

- Áit a mbeidh costas bailithe na táille agus cuntas a thabhairt ina leith níos mó ná méid na táille;
- Áit a mbeidh tábhacht ar leith ag baint leis an bhfaisnéis don tuiscint atá ar shaincheist a mbaineann tábhacht náisiúnta léi; nó
- I gcás faisnéise pearsanta, áit nach mbeadh táillí den chineál sin réasúnach ag féachaint d'acmhainní na pearsan atá ag iarraidh na faisnéise.

5. ATHBHREITHNITHE AGUS ACHOMHAIRC

Leagann an tAcht amach sraith díolúintí chun faisnéis íogair a chosaint áit a bhféadfadh nochtadh na faisnéise sin damáiste a dhéanamh do phríomhleasa an Stáit nó tríú páirtithe. Áit a dtoghraíonn Roinn na forálacha seo chun faisnéis a choinneáil siar, féadfar an cinneadh a achomharc. Féadfar cinntí i ndáil le rochtain, táillí, foirmeacha rochtana agus araile a iarchur, a bheith faoi réir achomhairc freisin.

5.1 Athbhreithniú Inmheánach

Féadfaidh tú athbhreithniú inmheánach a lorg, a dhéanfaidh oifigeach ag leibhéal níos airde ná an t-oifigeach a rinne an cinneadh bunaidh, sna cásanna seo a leanas:

- Mura bhfuil tú sásta leis an gcéad freagairt a tugadh duit (diúltú faisnéis a sholáthar, foirm rochtana, táillí agus araile).

[2] Tá tábla achoimre a leagan amach na táillí atá iníoctha le fáil i gCuid D - Aguisíní

- Mura bhfuil freagra faighte agat laistigh de cheithre seachtaine ón gcéad iarratas a dhéanamh. Meastar gur diúltú do d'iarraidh atá anseo agus ceadaíonn sé duit leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú inmheánach.

Ba cheart iarrataí ar athbhreithniú inmheánach a chur chuig an seoladh thíos:

Comhordaitheoir na Saorála Faisnéise
Aonad na Saorála Fáisnéise
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
Fossadh
Cill Áirne
Co. Chiarraí

Teileafón: (064) 27316, (01) 631 3945
(lasmuigh de cheantar "06") – Lóghlao 1890 273000, 1890 383000 (lasmuigh de cheantar (01)
Facs: (064) 27320 (01) 676 1922
Ríomhphost: foi@dast.gov.ie

Ní foláir iarraidh mar sin d'athbhreithniú inmheánach a chur isteach laistigh de cheithre seachtaine ó dháta an chéad chinnidh. Ní mór don Roinn an t-athbhreithniú a chomhlánú laistigh de thrí seachtaine tar éis iarraidh den sórt sin a fháil. Go hiondúil ní mór athbhreithniú inmheánach a chomhlánú sula ndéantar achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise

5.2 Achomhairc chuig an gCoimisnéir Faisnéise

Nuair a bheidh an t-athbhreithniú inmheánach comhlánaithe, féadfaidh tú athbhreithniú neamhspleách ar an gcinneadh a lorg ón gCoimisinéir Faisnéise. Mura bhfuil freagra faighte agat ar d'iarratas d'athbhreithniú inmheánach laistigh de thrí seachtaine meastar gur diúltú atá ann agus féadfaidh tú an ní a achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

Féadfar achomhairc i scríbhinn a chur díreach chuig an gCoimisinéir Faisnéise ag an seoladh thíos:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
18 Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Teileafón: (01) 639 5689
Facs: (01) 639 5674 nó 661 0570
Ríomhphost: foi@ombudsman.irlgov.ie

6. RÚNDACHT

Geallann an Roinn gach dícheall a dhéanamh aon fhaisnéis a sholáthraíonn tú a choinneáil rúnda, faoi réir oibleagáidí na Roinne de réir dlí, an tAcht um Shaoráil Faisnéise san áireamh. Más mian leat nach mbeadh aon chuid den fhaisnéis a sholáthraíonn tú á nochtadh mar gheall ar a nádúr íogair, ba cheart duit, le linn duit

an fhaisnéis a sholáthar, é sin a chur in iúl agus na cúiseanna a bhaineann le nádúr íogair na faisnéise a shonrú. Rachaidh an Roinn i gcomhairle leat faoin bhfaisnéis íogair seo sula ndéanfar cinneadh ar aon iarraidh Saorála Faisnéise a fhaightear a bhaineann leis.

Mura n-aithnítear go bhfuil faisnéis íogair agus cúiseanna ag tacú leis seo, ansin féadfar an fhaisnéis a chur ar fáil d'aon iarraidh SF ábhartha.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise
Leabhar Tagartha Alt 15

Cuid B – Treoir faoi Fheidhmeanna, Seirbhísí agus Taifid na Roinne

7. FEIDHMEANNA, SEIRBHÍSÍ AGUS AICMÍ TAIFEAD ATÁ Á GCOIMEÁD AG AONAID/RANNÓGA

Tabhair faoi deara le do thoil maidir leis an teideal "Aicmí Taifead atá á gCoimeád", mar aon leis na taifid sonraithe, go bhfuil comhaid ag gach Aonad/Rannóg a bhaineann le Ceisteanna Parlaiminteacha (CP), óráidí, ábhar treorach, uiríoll Aireachta, Meastacháin, ceisteanna a bhaineann le soláthar foirne agus riarachán ginearálta an Aonaid nó na Rannóige i gceist.

Is é uimhir theileafóin na Roinne, oifigí Baile Átha Cliath: (01) 631 3800, Oifig Fhossadh (064) 27300 ach is féidir na teagmhálacha teileafóin uile inmheánacha sa Roinn in Oifigí Baile Átha Cliath atá liostaithe sa chuid seo den Leabhar Tagartha a dhiailiú go díreach trí (01) 631 a dhiailiú agus an fo-líne ábhartha le ceithre dhigit a chur leis.

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh den ***cheantar "01" – bain leas as ár n-áis Lóghlao trí 1890 383000 a dhiailiú agus an fo-líne ábhartha a fháil. Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh den cheantar "06" Lóghlao trí 1890 273000. (ní ghearrfar ach praghas glao áitiúil ort).***

7.1 Aonad Ealaíon

7.1.1 Feidhmeanna

Is é an príomhról atá ag an Aonad Ealaíon comhairle agus cabhair a chur ar fáil don Aire trí (a) cur i ngníomh straitéisí a éascú trí acmhainní iomchuí agus creatlach bheartais agus reachtach a chur ar fáil a thacóidh le spreagadh agus forbairt na n-ealaíon, ceol san áireamh, agus (b) beartas comhtháite a fhorbairt, monatóireacht agus luacháil a dhéanamh air ar mhaithe le forbairt inmharthana thionscal scannán na hÉireann agus (c) dreasachtaí sonracha a chur chun cinn ar mhaithe leis an tionscal ceoil in Éirinn a fhorbairt.

7.1.1.1 Rannóg an nEalaíon

- Cuireann an Rannóg seo tacaíocht ar fáil don Chomhairle Ealaíon
- Cuireann sí creatlach reachtach riachtanach i bhfeidhm le tacú leis na hEalaíona.
- Cothaíonn sí struchtúir riaracháin iomchuí le tacú leis na hEalaíona sa Stát.
- Déanann sí soláthar d'fhorbairt an infrastruchtúir chultúir ar fud na tíre trí Scéim Tacaíochta Feabhais Chaipitil na nEalaíon agus Cultúir (STFCEC) agus scéimeanna eile.
- Idirghníomhaíonn sí leis an Aontas Eorpach agus Comhairle na hEorpa faoi nithe a bhaineann leis na hEalaíona agus Cultúr.
- Tacaíonn sí le *Culture Ireland* le healaíona Éireannacha a chur chun cinn thar lear.
- Forbraítear caidreamh idirnáisiúnta ar mhaithe le cur chun cinn ealaíne Éireannaí thar lear trí chomhaontuithe déthaobhacha.

- Soláthraíonn sí tacaíocht agus déanann sí idirchaidreamh le Ranna/Gníomhaireachtaí eile ar mhaithe le cur i bhfeidhm na Scéime *Per Cent for Art*.

7.1.1.2 Rannóg Scannáin

- Feidhmíonn an Rannóg seo agus déanann sí monatóireacht i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim ar scéim dreasachta bunaithe ar cháin ar mhaithe le hinfheistíocht i léiriúchán scannán in Éirinn faoi Alt 481 (Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, mar atá leasaithe).
- Tacaíonn sí le Bord Scannán na hÉireann tionscal scannán dhúchasaigh a fhorbairt, tionscnaimh oiliúna san áireamh.
- Idirghníomhaíonn sí leis an Aontas Eorpach agus le Comhairle na hEorpa faoi nithe a bhaineann le léiriúchán scannán agus teilifíse.

7.1.1.3 Culture Ireland

Is é Culture Ireland an ghníomhaireacht Stáit a chuireann an chuid is fearr d'ealaíona agus chultúir na hÉireann chun cinn go hidirnáisiúnta agus a chabhraíonn i bhforbairt gaolta chultúrtha, idirnáisiúnta na hÉireann. Bunaíodh an eagraíocht in 2005 ag an Aire Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta agus tá sé comhdhéanta de bord stiúrthóirí ceaptha ag an Aire agus foireann feidhmiúcháin faoi chinnireacht an Phríomhfheidhmeannach:

- Deontais a Thabhairt: d'ealaíontóirí Éireannacha nó eagraíochtaí ealaíon bunaithe ar iarratais a rinneadh cabhair den sórt seo a fháil agus luacháil déanta de réir critéar thrédhearcaigh a chinnfidh agus a fhoilseoidh *Culture Ireland*.
- Rannpháirtíocht Éireannach in imeachtaí ealaíon idirnáisiúnta straitéiseacha a Mhaoiniú agus a Éascú.
- Imeachtaí nó gníomhaíochtaí speisialta comharthacha agus ealaíonta in Éirinn nó thar lear a bhainistiú mar a theastaíonn ón Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.
- Comhairle a thabhairt don Aire faoi ealaíona idirnáisiúnta agus gnóthaí cultúrtha agus cabhair a bhíonn ag teastáil ón Aire ó am go ham a sholáthar.

Tá suíomh gréasáin Cultúr Éireann ag www.cultureireland.gov.ie Freisin is féidir ceisteanna a bhaineann le hobair *Culture Ireland* a chur chuig an rannóg a sholáthraíonn tacaíocht rúnaíochta.

7.1.1.4 Aonad Ceoil

Measann an tAonad Ceoil iarratais do thionscadail cheoil faoi Scéim Leathnaithe Gnó (SLG) do thionscadail cheoil.

7.1.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Den chuid is mó cuirtear seirbhísí ar fáil don phobal mar fhreagairt ar iarratais ar chúnamh i bhfoirm amháin nó foirm eile. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil tríd an bpost, ríomhphost, teileafón agus ar bhonn pearsanta. Féadfar ceisteanna a chur ar aghaidh chuig eagraíochtaí cosúil le Bord Scannán na hÉireann, an Chomhairle Ealaíon agus araile.

7.1.3 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

- Treoirlínte ar scéim Alt 481.

Déileálann na pearsanra cuí san Aonad leis na hiarrataí uile ar fhaisnéis laistigh den Aonad.

Téigh i dteagmháil le:

Príomhoifigeach Cúnta	Ealaíona (AE/ Gnóthaí Idirnáisiúnta, Amharclann na Mainistreach) Scannán agus Ceol	fo-líne 3929
Príomhoifigeach Cúnta	Na hEalaíona (Scéim Rochtain & Polasaí Ealaíon)	064 27331
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	Na hEalaíona (Scéim ROCHTAIN)	064 27332
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	Ealaíona (Comhairle Ealaíon)	064 27335
Príomhoifigeach Cúnta	Ceol	fo-líne 3954
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	Culture Ireland	fo-líne 3917

7.1.4 Aicmí Taifead atá á gcoimeád

- Iarratais faoi scéim Alt 481. (Níos lú doiciméadaithe á choimeád le héifeacht ón 1 Eanáir 2005).
- Iarratais faoi scéim SLG.
- Imeachtaí: Comhdhálacha/Féilte.
- Comhfhreagras ilghnéitheach (Scannán).
- Bunachar Sonraí de Staitisticí Scannáin.
- Iarratais don Chiste Struchtúrach (SDFC).
- Iarratais do scéim STFCEC.
- An Chomhairle Ealaíon agus ealaíona go ginearálta.
- Tionscadail ealaíona ilghnéitheacha.
- Amharclann (An Chuideachta Amharclann Náisiúnta san áireamh).
- Alt 32 den Acht Airgeadais, 1984, ar a dtugtar Alt 484 anois (Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) i dtaca le Díolúintí Cánach.
- Nithe AE/Idirnáisiúnta.
- Tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó *Culture Ireland*.

7.2 AONAD NA BHFORAS CULTÚIR

7.2.1 Feidhmeanna

Is í an phríomhfheidhm atá Aonad na bhForas Cultúir forbairt chuí d'fhorais chultúir náisiúnta a chur chun cinn, ábharthacht leantach ghníomhaíochtaí na bhforas don phobal a chinntiú; agus beartas éifeachtach a sholáthar do chosaint agus meas ar ár n-oidhreacht inaistrithe.

I measc rólanna coimhdeacha an Aonaid a n-áirítear sa phríomhfheidhm seo tá:

- Creatlach acmhainní agus bheartais a sholáthar do na forais chultúir náisiúnta, ag cur éilimh a thagann chun cinn ó athruithe sa tsochaí agus ceanglais dlí i gcuntas.
- Forbairt na bhforas cultúir náisiúnta a spreagadh de réir na gcuspóirí straitéiseacha comhaontaithe, táscairí feidhmíochta, athbhreithniú ar a bhfuil bainte amach agus meicníochtaí le haghaidh comhoibrithe idir na forais.
- Creatlach bheartais a bhunú ionas go mbeidh rochtain níos fearr ag an bpobal ar bhailiúcháin náisiúnta mar aon le músaeim áitiúla agus réigiúnacha a fhorbairt.
- Maoirseacht a dhéanamh, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, ar phleanáil agus críochnú na bhforbairtí caipitil ábhartha atá ar siúl sna forais chultúir náisiúnta. Sa chomhthéacs seo bunófar agus forbrófar straitéisí i gcomhairle leis na forais atá i gceist, d'fhonn freastal ar na riachtanais chothabhála agus forbartha caipitil atá acu.
- Gaolmhaireachtaí éifeachtacha oibre a chothabháil leis na Stiúrthóirí agus an fhoireann i ngach foras agus spreagadh a thabhairt dóibh an tóir atá ag an bpobal orthu a uasmhéadú, daoine óga, iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus cuairteoirí ó thar lear go háirithe.
- Tacú le hobair Chomhairle na bhForas Cultúir Náisiúnta i dtaca leis an gCiste Oidhreachta agus Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Chiste a ullmhú.
- Gach idirbheart déanta faoin Acht um Chiste Oidhreachta, 2001, a bhainistiú agus a thaifead.
- Cathaoirleacht agus rúnaíocht a chur ar fáil don Choiste Roghnóireachta bunaithe faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.
- Ceadúnú onnmhairiú earraí cultúrtha a bhainistiú.
- Ceadúnú athruithe ar ábhair oidhreachta a bhainistiú.
- Tionscadail chultúrtha a mhaoiniú.
- Cúnamh a thabhairt d'fhorais chultúir neamhnáisiúnta, a bhfuil bailiúcháin a mbaineann tábhacht náisiúnta leo á gcoimeád acu.

7.2.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

De bhrí go ndéileálann an tAonad den chuid is mó le saincheisteanna beartais a bhfuil tionchar acu ar ghrúpa ar leith d'fhorais chultúir, go ginearálta ní chuirtear seirbhísí ar bith a bhfuil nádúr oibriúcháin acu ar fáil don phobal.

Cé go bhfuil an tAonad seo freagrach as cistí a chur ar fáil do na forais chultúir náisiúnta dá bhforáiltear sa Státchiste, luíonn an fhreagracht as gnéithe laethúla oibriúcháin agus gairmiúla obair na bhforas leis na comhlachtaí aonair atá i gceist. Níl ról ar bith ag an Aonad seo i nithe mar sin. Cuirtear faisnéis faoi nithe a bhaineann le beartas ar fáil don phobal mar a iarrtar. I ndáil le ceisteanna a fháil agus araile, a bhaineann leis na forais seo, cabhróidh an tAonad leis an mball den phobal teagmháil a dhéanamh leis an gcomhlacht ábhartha.

Seo a leanas na Forais Chultúir Náisiúnta a bhfuil baint ag an Aonad leo:

- Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.
- An Chartlann Náisiúnta.
- Dánlann Náisiúnta na hÉireann.
- An Ceoláras Náisiúnta.
- Áras Nua-Ealaíne na hÉireann.
- Leabharlann Chester Beatty.
- Crawford Art Gallery, Corcaigh.

Déileálann oifigigh uile an Aonaid le hiarrataí ar fhaisnéis.

Tá baint ag an Aonad freisin leis na forais chultúir neamhnáisiúnta seo a leanas:

- Iarsmalann Hunt
- Cartlann Ailtireachta na hÉireann
- Leabharlann Marsh
- An Músaem Náisiúnta Priontála
- Músaem Muireitleán Fainge
- An tIonad James Joyce
- An Músaem Muirí
- An Músaem Ime Chorcaí
- Teachíní Éireannacha sa Róimh agus Lováin.

7.2.3 Faisnéis ar fáil

Tá fógra a thugann breac-chuntas ar fheidhmiú Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, a fhorálann d'fhaoiseamh cánach do dheonú míreanna oidhreachta, ar fáil ón Aonad nó ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

7.2.4 Aicmí taifead atá á gcoimeád

- Nithe a bhaineann le beartas.
- Reachtaíocht.
- Riaradh Cistí Struchtúracha ábhartha.
- Comhfhreagras agus gaolmhaireacht leis na forais chultúir náisiúnta.
- Riaradh scéime d'fhaoiseamh cánach do dheonú míreanna oidhreachta.
- Clár d'ábhair chultúrtha thábhachtacha.
- Riarachán inmheánach.
- Nithe a bhaineann leis an gCiste Oidhreachta.
- Nithe a bhaineann le hAlt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

7.3 AONAD TIONSCADAL SPEISIALTA NA BHFORAS CULTÚIR

7.3.1 Feidhmeanna

Seo a leanas na feidhmeanna atá ag Aonad Tionscadal Speisialta na bhForas Cultúir, a bhunaigh an tAire in 2003:

- Na gnéithe iarmhair den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, a chur i ngníomh ag leanúint ar aghaidh ó bhunú Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar aonáin dhlíthiúla ar leithligh i mí Bealtaine 2005.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, le béim ar an ngaolmhaireacht le reachtaíocht Saorála Faisnéise.
- Dul chun cinn a dhéanamh i gcomhar leis an gCartlann Náisiúnta ar Thionscadal Dhaonáireamh 1901 & 1911, agus an méid faisnéise daonáirimh atá ar líne a fhorbairt.
- Freastal ar an ngá atá ann i gcomhar leis an Roinn Cosanta, go mbeadh áis stórála ann do Chartlann Mhíleata mar aon le rochtain phoiblí ar thaifid mhíleata.
- An t-athbhreithniú a rinneadh ar ról, feidhmeanna agus eagrú Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a mheas agus moltaí a dhéanamh.

7.3.2 Seirbhísí a Sholáthraítear don phobal

Ní bhaineann teagmháil dhíreach nó rialta leis an bpobal le hobair an Aonaid.

7.3.3 Aicmí taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:

- An próiseas féinrialach d'Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.
- Athbhreithniú ar reachtaíocht na Cartlainne.
- An t-athbhreithniú déanta ar ról, feidhmeanna agus eagrú Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.
- Tograí chun ábhar Dhaonáireamh 1901 & 1911 a dhigitiú.
- Tograí d'áis do Chartlann Mhíleata.
- Comóradh Céad Bliain Samuel Beckett
- Ionad Cultúir James Joyce
- Féile "*ReJoyce – Dublin 2004*" (mar cheiliúradh ar Chomóradh Céad Bliain "*Bloomsday*").

7.3.4 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

Ní fhoilsíonn an t-aonad faisnéis ar bith nó ní eisíonn sé bileoga nó fógraí poiblí.

Chun faisnéis ghinearálta a fháil,
Téigh i dteagmháil le: Príomhoifigeach Cúnta ag fo-líne: 0642 7341
Facs: 0642 7350

7.4 AONAD SPÓIRT 1

7.4.1 Feidhmeanna

Tá an tAonad freagrach as:

- Forbairt beartais spóirt.
- Idirchaidreamh le Comhairle Spóirt na hÉireann.
- Riaradh an Chláir Chaipitil Spóirt, a fhaigheann maoiniú ó fháltais an Chrannchuir Náisiúnta.
- Ceadúnú tionscadal spóirt nó áineasa chun críche Faoisimh Chánach do Dheonacháin do scéim Chomhlachtaí Spóirt ar leith.
- Idirchaidreamh leis an AE agus Comhairle na hEorpa i ndáil le saincheisteanna spóirt.
- An tionscal rásaíochta capall agus cúnna a fhorbairt; ullmhú reachtaíochta ábhartha san áireamh.
- Idirchaidreamh le Rásaíocht Capall Éireann agus Bord na gCon.

7.4.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Admháil agus luacháil ar iarratais agus íocaíocht deontas mar a chinneann an tAire, do chlubanna spóirt agus eagraíochtaí deonacha agus pobail faoin gClár Caipitil Spóirt.

7.4.3 Aicmí taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:

- Comhaid iarratais ar dheontais do chlubanna/eagraíochtaí faoin gClár Caipitil Spóirt.
- Tionscadail chaipitil spóirt eile a bhfuil maoiniú ceadaithe ina dtaobh.
- Leithdháiltí agus íocaíochtaí deontais.
- Monatóireacht leanúnach ar chaiteachas faoin gClár Caipitil Spóirt agus forbairt an chláir amach anseo.
- Iarratais do cheadúnú tionscadal spóirt nó áineasa chun críche Faoisimh Chánach do Dheonacháin do scéim Chomhlachtaí Spóirt ar leith.
- Tionscnaimh bheartais spóirt agus áineasa éagsúla.
- Smachtbhannaí na Roinne Airgeadais do chaiteachas atá á bhainistiú ag an Aonad.
- Cruinnithe idirchaidrimh le Comhairle Spóirt na hÉireann, Rásaíocht Capall Éireann agus Bord na gCon.
- Saincheisteanna corparáideacha agus beartais a bhaineann le Rásaíocht Capall Éireann agus Bord na gCon.

7.4.4 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

Iarrtar iarratais do mhaoiniú faoin gClár Caipitil Spóirt ar bhonn bliantúil trí fhógraí sa phreas náisiúnta. Bíonn an doiciméad ábhartha ar Threoirlínte, Téarmaí agus Coinníollacha mar aon le Foirm Iarratais don Chlár le fáil le híoslódáil gach bliain ó láithreán gréasáin na Roinne ag www.dast.gov.ie mar aon le liostáil iomlán de dheontais leithdháilte ina dhiaidh sin faoin gClár. Tá na Treoirlínte d'Fhaoiseamh Cánach do Dheonacháin do scéim Chomhlachtaí Spóirt ar Leith le fáil freisin le híoslódáil ó láithreán gréasáin na Roinne.

Tá faisnéis bhreise le fáil ach í a iarraidh:

Maidir le fiosruithe faoin gClár Caipitil Spóirt,
Téigh i dteagmháil le: (064) 27365 / 27301 / 27367 / 27371 / 27363 / 27366 / 27369 / 27364 / 27368 / 27388

Maidir le fiosruithe faoi Fhaoiseamh Cánach ar Dheonacháin chuig an gClár Caipitil Spóirt,
Téigh i dteagmháil le: Ardoifigeach Feidhmiúcháin ag fo-líne: 3931 nó Oifigeach Feidhmiúcháin ag fo-líne: 3910.

Tá faisnéis ghinearálta i ndáil le gníomhaíochtaí, scéimeanna agus cláir oibrithe ag Comhairle Spóirt na hÉireann (a bunaíodh ar bhonn reachtúil le héifeacht ón 1 Iúil, 1999), Rásaíocht Capall Éireann agus Bord na gCon le fáil go díreach ó na comhlachtaí seo a leanas:

Seoladh: Comhairle Spóirt na hÉireann
Urlár Uachtair
Bloc A
Páirc Ghnó West End
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliath 15
Teileafón: (01) 8608800
Facs: (01) 8608880
Ríomhphost info@irishsportscouncil.ie

Seoladh: Capall
Rásaíocht Capall Éireann
Ballymany
An Currach
Co. Chill Dara
Teileafón: (045) 455455
Facs: (045) 455456
Ríomhphost: info@horseracingireland.ie

Seoladh: Bord na gCon
104 Sráid Anraí
Luimneach
Teileafón: (061) 316788
Facs: (061) 316739
Ríomhphost: admin@igb.ie

7.5 AONAD SPÓIRT 2

7.5.1 Feidhmeanna

Is é an príomhról atá ag an aonad seachadta mórthionscadail caipitil spóirt a éascú agus a mhonatórú agus plean straitéiseach fadtréimhseach a fhorbairt ar mhaithe le forbairt áiseanna spóirt áitiúla ar fud na tíre.
Áirítear air seo:

- Forbairt an Champais Spóirt ag Baile an Aba agus athfhorbairt Staidiam Bhóthar Lansdún a éascú agus a mhaoirsiú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Ionaid Náisiúnta Uiscigh ag Baile an Aba.
- Straitéis fhadtréimhseach a fhorbairt ar mhaithe le háiseanna spóirt a fhorbairt ar fud na tíre.
- Iniúchadh náisiúnta a dhéanamh ar áiseanna spóirt áitiúla.
- Clár na Roinne d'Athbhreithnithe Caiteachais a chomhordú.
- Tascfhórsa do Londain 2012 a chomhordnú.
- Alt 21 den Acht Deochanna Meisciúla, 2003 maidir le hIonaid Spóirt Náisiúnta a chur i ngníomh.
- Eagarúcháin ar na Gradaim bhliantúil Náisiúnata na nOibrithe Deonacha Spóirt na hÉireann.
- Daingniú an Coinbhinsiún Frithdhópála UNESCO.
- Reachtaíocht Spóirt – Leasú reachtaíocht an Chomhairle Spóirt agus Bord na gCon.
- Ceisteanna an tAE agus Comhairle na hEorpa.
- Cuntais Díomhaoin (Spórt agus bearta mhíbhuntáisteach).

7.5.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Seachas ceisteanna ginearálta, ní bhíonn teagmháil dhíreach nó rialta leis an bpobal i gceist le hobair an Aonaid.

7.5.3 Aicmí taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:

- Tionscadail athfhorbartha an Champais Spóirt agus Staidiam Bhóthar Lansdún.
- An tIonad Náisiúnta Uisceach ag Baile an Aba.
- An chreatlach reachtach don Tionscadal Campais agus Staidiam a fhorbairt.
- Straitéis d'áiseanna spóirt a fhorbairt.

- Tionscnamh Athbhreithnithe Caiteachais.
- Iniúchadh náisiúnta ar áiseanna spóirt áitiúla.
- Tascfhórsa do Londain 2012 a chomhordnú.
- Gradaim Náisiúnata na nOibrithe Deonacha Spóirt na hÉireann.
- Daingniú an Coinbhinsiún Frithdhópála UNESCO.
- Alt 21 den Acht Deochanna Meisciúla, 2003 agus Rialachán - maidir le hIonaid Spóirt Náisiúnta a chur i ngníomh.
- Ceisteanna Reachtaíochta Spóirt.
- Ceisteanna an tAE agus Comhairle na hEorpa.
- Cuntais Díomhaoine (Spóirt agus bearta mhíbhuntáisteach)

7.5.4 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

D'fhoilsigh an t-aonad an fhoirm ainmnicháin agus treoirlínte do na Gradaim Náisiúnta na nOibrithe Deonacha Spóirt na hÉireann.

Chun faisnéis ghinearálta a fháil

Téigh i dteagmháil le: Oifigeach Feidhmiúcháin ag fo-líne: 3824
Facs: (01) 6313818

7.6 RANNÁN MARGAÍOCHTA TURASÓIREACHTA & MEASÚNAITHE TIONCHAIR

7.6.1 Feidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Mhargaíochta Turasóireachta laistigh den Rannán an chreatlach bheartais do mhargaíocht turasóireachta a fhorbairt, a mhonatórú agus athbhreithniú a dhéanamh air agus ionchur beartais Rannaigh i leith an AE, Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar a chomhordú. Is é cuspóir ardleibhéil an Aonaid Mheasúnaithe Tionchair cur i ngníomh na straitéise do Thurasóireacht in Éirinn 2003-2012 a tugadh don Aire ar an 30 Meán Fómhair 2003 a éascú.

Go sonrach, tá an tAonad páirteach sna gníomhaíochtaí seo a leanas:

Margaíocht Turasóireachta

- Bainistiú Vóta margaíochta turasóireachta na Roinne faoi fho-mhírcheann B2 (Pá agus Forchostais *Tourism Ireland*) agus B5 (Ciste Margaíochta Turasóireachta), buiséid bhliantúla agus ilbhliantúla do mhargaíocht turasóireachta a ullmhú freisin;

- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i ngníomh cláir mhargaíochta *Tourism Ireland* agus *Fáilte Ireland* de réir na gcuspóirí agus spriocanna comhaontaithe;

- A chinntiú go bhfuil meicníochtaí rialachais chorparáideacha iomchuí i bhfeidhm do chaiteachas margaíochta;

- Socruithe idirchaidrimh a sheirbhísiú agus a chothabháil le *Tourism Ireland* agus Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta Thuaisceart Éireann;

- Súil a choinneáil ar shéasúr na turasóireachta;

- Tacú le cuairteanna thar lear ag Airí ar mhaithe le cúiseanna bolscaireachta turasóireachta.

Comhordú Thuaidh-Theas agus na Breataine-na hÉireann

- Riachtanais SEUPB a sheirbhísiú (Foras Cláir Speisialta an AE) maidir le maoiniú PEACE/interreg do thionscadail thurasóireachta Thuaidh/Theas.

Comhordú AE

- Ionchur na Roinne i saincheisteanna beartais ghinearálta AE a chomhordú agus a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais na Roinne faoi Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), 2002;

- Rannpháirtíocht na Roinne le gnéithe idirnáisiúnta do bheartas turasóireachta Éireannaí a sheirbhísiú tríd an Aontas Eorpach, ECFE agus fóraim idirnáisiúnta ábhartha eile.

Measúnú Tionchair

- An Rúnaíocht a chur ar fáil do Ghrúpa Cuir i nGníomh an Phlean Gníomhaíochta Turasóireachta ar ardleibhéal;

- Monatóireacht a dhéanamh ar réimsí beartais agus gníomhaíochta a bhfuil tionchar acu, ar shlí shuntasach, ar fhorbairt turasóireachta agus athbhreithniú leantach den straitéis a chinntiú chun imthosca athraitheacha a léiriú;

- Tionchar agus múnlú forbairtí, i gcomhar leis na Gníomhaireachtaí Stáit Turasóireachta, thar raon leathan beartas Rialtais a bhfuil tionchar acu ar thurasóireacht - go háirithe i dtéarmaí rochtana, beartais mhaicreacnamaíocha, an cleachtas timpeallachta is fearr, forbairt tuaithe agus taighde beartais;

- Ionchur tras-Rannach i bpríomhbheartais straitéiseacha an Rialtais a éascú.

7.6.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Baineann an plé a bhíonn acu leis an bpobal le hiarrataí ar fhaisnéis faoi mhaoiniú a d'fhéadfaidís a fháil do thionscadail mhargaíochta turasóireachta. Níl freagracht dhíreach ar an Aire ná ar an Roinn as cinntí a dhéanamh faoi mhaoiniú tionscadal den sórt sin áfach. Tá ról ag an Aonad freisin ceisteanna agus casaoidí ó chustaiméirí faoi mhargaíocht turasóireachta a chur ar aghaidh chuig na comhlachtaí iomchuí.

7.6.3 Aicmí taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:

- Teagmháil na Roinne le *Fáilte Ireland* agus *Tourism Ireland* faoi mhargaíocht turasóireachta agus pleananna bolscaireachta
- Caiteachas faoi Vóta na Roinne ar mhargaíocht agus bolscaireacht
- Comhoibriú Chomhairle na Breataine-na hÉireann ar thurasóireacht
- Comhoibriú Thuaidh-Theas ar thurasóireachta.
- Saincheisteanna margaíochta a bhaineann le hIonad agus Táirge
- Páipéir a bhaineann le Staitisticí agus Séasúr Turasóireachta.
- Páipéir AE agus ECFE ar leith faoi thurasóireacht
- Páipéir rúnaíochta Phlean Gníomhaíochta Turasóireachta an Ghrúpa Cuir i nGníomh
- Páipéir a bhaineann le nithe ginearálta AE agus Nósanna Imeachta Grinnscrúdaithe Oireachtais eile
- Páipéir rúnaíochta don Ghrúpa Cuir i bhFeidhm an Straitéis Thurasóireachta.

7.6.4 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

Tá faisnéis ghinearálta faoi ghníomhaíochtaí agus cláir mhargaíochta thurasóireachta oibrithe ag *Fáilte Ireland* agus *Tourism Ireland* le fáil i raon foilseachán atá ar fáil go díreach uathu.

Fáilte Ireland
Droichead Shráid Bhagóid,
Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: 1890 525 525
(353 1) 602 4000
Facs: (353 1) 6024100.

nó

Tourism Ireland Ltd
An Cúigiú hUrlár
Cearnóg an Easpaig
Cnoc Réamainn
Baile Átha Cliath 2
Teileafón: (353 1) 4763400
Facs: (353 1) 4763666

Láithreán Gréasáin: www.ireland.ie (Tomhaltóir Intíre)
www.failteireland,ie (Corparáideach)
www.discoverireland.com (Tomhaltóir ó Thar Lear)

Chun faisnéis a fháil ón Roinn déan teagmháil le:

Teileafón: 064 27376 (margaíocht), 064 27306 (measúnú tionchair)
Facs: 064 27320
Ríomhphost: Tourismmarketing@dast.gov.ie

7.7 AONAD BEARTAIS UM FHORBAIRT TURASÓIREACHTA

7.7.1 Feidhmeanna

Is é an ról atá ag an Aonad an chreatlach bheartais, socruithe institiúideacha agus buiséid d'fhorbairt turasóireachta a fhoirmliú, monatóireacht agus luacháil a dhéanamh mar aon le hidirchaidreamh a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí turasóireachta ábhartha, *Fáilte Ireland* agus *Shannon Development* (maidir lena ngníomhaíochtaí turasóireachta). Sa chomhthéacs seo beidh freagrachtaí ar leith ar an Aonad i leith forbairt a dhéanamh ar tháirgí turasóireachta agus bearta oiliúna turasóireachta faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, 2007-2013.

Le cois nithe a bhaineann le rialachas corparáideach *Fáilte Ireland* agus saincheisteanna beartais a bhaineann le forbairt agus struchtúir turasóireachta ar leibhéal fo-náisiúnta, tá freagracht beartais ar an Aonad do na nithe seo a leanas: forbairt an táirge turasóireachta (turasóireacht spóirt agus féilte agus imeachtaí cultúrtha san áireamh); cáilíocht agus caighdeáin a bharrfheabhsú (an chreatlach do chlárú agus cóiríocht cuairteoirí a cheadú faoi na Achtanna um Thrácht Cuartaíochta san áireamh); agus forbairt fiontair, acmhainní daonna agus saincheisteanna oiliúna sa tionscal.

Tá an tAonad freagrach freisin as leanúint leis an tiomantas sa "Chlár Comhaontaithe don Rialtas" le cinntiú go dtógfar Ionad Comhdhála Náisiúnta den scoth i mBaile Átha Cliath.

7.7.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Baineann an plé a bhíonn acu leis an bpobal le hiarrataí ar fhaisnéis faoi mhaoiniú a d'fheadfaidís a fháil do thionscadail mhargaíochta turasóireachta. Níl freagracht dhíreach ar an Aire ná ar an Roinn as cinntí a dhéanamh faoi mhaoiniú tionscadal den sórt sin áfach. Tá ról ag an Aonad freisin casaoidí ó chustaiméirí faoi chóiríocht agus nithe margaíochta turasóireachta uile a chur ar aghaidh chuig na comhlachtaí iomchuí.

Aicmí Taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:

- Faisnéis airgeadais faoi *Fáilte Ireland* (Bord Fáilte agus CERT tráth), *Shannon Development* agus *St. Patrick's Festival Company* agus sonraí faoi shaincheisteanna riaracháin agus beartais na ngníomhaireachtaí seo.

- Baill a cheapadh ar an Údarás Forbartha Turasóireachta Náisiúnta (*Fáilte Ireland*), iar-Bhord Bhord Fáilte, iar-Chomhairle CERT agus ainmniúchán ball amháin ar Bhord *Shannon Development*.

- Saincheisteanna éagsúla faoi fhorbairt táirgí turasóireachta agus beartais lena n-áirítear – forbairt táirge turasóireachta agus fiontair, an chreatlach chláraithe agus cheadúnaithe do chóiríocht, caighdeáin chóiríochta, struchtúir turasóireachta agus araile.

- Ionad Comhdhála Náisiúnta

- Sonraí riaracháin i leith cuir i ngníomh Chláir Oibriúcháin Réigiúnacha an Phlean Forbartha Náisiúnta 2000 - 2006 agus an Chláir Oibriúcháin Forbartha Acmhainní Daonna, mar aon leis na heilimintí turasóireachta den Chiste Idirnáisiúnta d'Éire.

- An Chlár Turasóireachta de Thosaíocht an Fhiontraíochta, Eolaíochta agus Nuálaíocht den Phlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013.

- An Deontas Státchiste do Chomórtas Domhanda Samhraidh na gCluichí Oilimpeacha 2003.

- Beartas Turasóireachta Spóirt

- Féilte agus Imeachtaí Cultúrtha

- Sonraí riaracháin maidir le cur i ngníomh líon clár a fhaigheann tacaíocht ón AE thar thréimhse 1989 - 1993 agus 1994 - 1999, atá dúnta anois, an Clár Oibriúcháin do Thurasóireacht san áireamh, Cláir INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann agus Clár INTERREG na hÉireann/na Breataine Bige.

- Páipéir a bhaineann le Ag Cothabháil an Dul Chun Cinn 2003-2005, lena n-áirítear an t-ionchur Turasóireachta do Thuarascálacha ráithiúla ar Dhul Chun Cinn.

7.7.3 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Táirge Turasóireachta) (+353 64) 27382
nó
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Forbairt agus Oiliúint Fiontair Turasóireachta) ag (+353 64) 27346
Cuir Facs chuig an Rannán: (+353 64 273503)
Seol Ríomhphost chuig an Aonad: Tourismdevelopment@dast.gov.ie

Tá sonraí faoi na Cláir Oibriúcháin Réigiúnacha agus an Clár Oibriúcháin Forbartha Fostaíochta agus Acmhainní Daonna le fáil ar www.ndp.ie agus ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Tá faisnéis ghinearálta faoi fhorbairt fiontair, gníomhaíochtaí agus cláir oiliúna agus forbartha táirgí oibrithe ag *Fáilte Ireland* le fáil i raon foilseachán atá ar fáil go díreach ón Údarás.

Fáilte Ireland
Droichead Shráid Bhagóid
Baile Átha Cliath 2.
Teileafón: (353 1) 602 4000
Facs: (353 1) 602 4100

nó

Fáilte Ireland
Sráid Amiens
Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: (353 1) 8847700
Facs:(353 1) 855 6821

Láithreán Gréasáin: www.failteireland.ie

Chun faisnéis a fháil faoin Roinn déan teagmháil le:

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Táirge Turasóireachta) (+353 64) 27382
nó
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Forbairt agus Oiliúint Fiontair Turasóireachta) ag (+353 64) 27346
Cuir Facs chuig an Rannán: (+353 64 27350)
Seol Ríomhphost chuig an Aonad: Tourismdevelopment@dast.gov.ie

7.8 AONAD ACMHAINNÍ DAONNA

7.8.1 Feidhmeanna

Tá an tAonad Acmhainní Daonna freagrach as:

- A chinntiú go gcloítear le beartas Rialtais i leith soláthar foirne, íocaíocht agus téarmaí agus coinníollacha fostaíochta eile na bhfoirne sa Roinn agus i gcomhlachtaí Leathstáit faoi choimirce na Roinne.
- Beartas Rialtais i leith dhílárú na Roinne go Cill Airne a chur i ngníomh (Is cosúil go dtarlóidh an dílárú i bhFómhar na bliana 2008.)
- Earcú foirne.
- Seirbhísí inmheánacha.
- Seirbhísí a Thacaíonn le Teaghlaigh.
- Cóiríocht agus soláthairtí.
- Seirbhís teileafónaí.
- Ceannach agus cothabháil trealaimh oifige agus soláthairtí páipéarachais agus oifige a cheannach.
- Comhlíonadh le rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta a chinntiú.

- Ag déileáil le nithe a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch.
- Taifid foirne a chur i ngníomh agus a chothabháil ar an gCóras Bainistíochta Acmhainní Daonna

Cuireann *Oifigeach Cúnta na bhFostaithe*, le linn feidhmiú mar chuid den fheidhm AD, cúnamh rúnda mar aon le raon leathan tacaíochtaí ar fáil d'fhoirne agus bainistíocht na Roinne le fadhbanna pearsanta nó fadhbanna a bhaineann leis an obair. Tá sonraí iomlána faoin tseirbhís le fáil i gCiorclán 35/97 na Roinne Airgeadais.

7.8.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Ní chuirtear seirbhísí ar bith ar fáil go díreach don phobal. Uaireanta áfach, féadfaidh an tAonad freagairtí a eisiúint maidir le ceisteanna a fhaightear nó déileáil le soláthróirí earraí/seirbhísí, Gníomhaireachtaí Stáit, eagraíochtaí spóirt agus eagraíochtaí poiblí eile.

7.8.3 Aicmí taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:

- Baill foirne ar leith.
- Earcú foirne.
- Ardú céime do bhaill foirne, lena n-áirítear comórtais inmheánacha agus sheachtracha.
- Ball foirne a aistriú agus a chur ar iasacht.
- Postroinnt.
- Sosanna Gairme.
- Gach cineál saoire.
- Scéim a Oireann don Teaghlach.
- Tráthanna oibre inathraithe.
- Caidreamh tionsclaíoch agus Comhairle na Roinne.
- Sláinte agus Sábháilteacht foirne.
- Comhaid a bhaineann le scéim mholta na bhfoirne (IONCHUR).
- Scéim Dhámhachtainí Fiúntais.
- Comhaid íocaíochta do Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais agus ar na ceannacháin trealaimh agus pháipéarachais oifige uile.
- Clár Sócmhainní.
- Staitisticí faoi fhoirne (don Roinn Airgeadais).
- Comhfhreagras le Comhlachtaí Stát-Urraithe faoi phá agus coinníollacha.
- Dílárú
- Reachtaíocht Fostaíochta a chur i ngníomh

7.8.4 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

Treoir ar nósanna imeachta do na baill foirne uile atá ar conradh, na Fógraí agus Ciorcláin Oifige inmheánacha ar fad a eisíonn an Roinn Airgeadais ó am go ham.

Téigh i dteagmháil le: Ardoifigeach Feidhmiúcháin ag fo-líne: 3833.
Facs: (01) 6313857
Maidir le dílárú téigh i dteagmháil le: Príomhoifigeach Cúnta ag fo-líne: 3904.

7.9 AONAD TACAÍOCHTA FORBARTHA CORPARÁIDÍ

7.9.1 Feidhmeanna

Tá an tAonad seo freagrach as seirbhísí tacaíochta bainistíochta áirithe a chur ar fáil don Roinn, lena n-áirítear:

- An próiseas athraithe straitéisigh laistigh den Roinn a bhainistiú, lena n-áirítear:
  -Ráiteas Straitéise;
  -Pleanáil Ghnó;
  -Tuarascálacha Bliantúla;
  -Straitéis Acmhainní Daonna,
  -Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí.
- Maoirseacht a dhéanamh ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) a chur i ngníomh.
- Oiliúint agus forbairt foirne.
- An tAcht Saorála Faisnéise (SF) a chur i bhfeidhm.
- Próiseas comhpháirtíochta.
- Bainistíocht Taifead.
- An tAcht um Chosaint Sonraí.
- Scéim na Roinne faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a chomhordú agus a mhonatórú.
- Tuarascálacha ar dhul chun cinn (do Ghníomhaireachtaí Roinne agus Stáit) don Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta (GFF) ar Phleananna Gníomhaíochta faoi Ag Cothabháil an Dul Chun Cinn a chomhordú.

7.9.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Tugann an tAonad cúnamh agus comhairle maidir le SF. Déileálann sé le casaoidí agus tuairimí agus ceisteanna ó chustaiméirí maidir leis an Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí laistigh den Roinn. Ina theannta sin tugann an tAonad freagraí ar cheisteanna a dhéantar trí láithreán gréasáin na Roinne. Tá mionchur síos ar thiomantais na Roinne i leith soláthar seirbhísí trí Ghaeilge le fáil i Scéim na Roinne faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá an Scéim ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.arts-sport-tourism.gov.ie

7.9.3 Aicmí taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:

- Saincheisteanna an Tionscnaimh Bhainistíochta Straitéisí a chur i ngníomh.
- CBFF.
- Oiliúint agus forbairt.

- An tAcht SF a chur i ngníomh.
- Bainistíocht taifead.
- Ceisteanna don stiúrthóir Gréasáin.
- Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
- Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn do GFF ar Phleananna Gníomhaíochta faoi Ag Cothabháil an Dul Chun Cinn
- Próiseas comhpháirtíochta

7.9.4 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

Foilsíonn an tAonad an Plean Gníomhaíochta do Sheirbhís ar Ardchaighdeán don Chustaiméir, Cairt Chustaiméirí, Ráiteas Straitéise, Tuarascálacha Bliantúla, Leabhar Tagartha Alt 15/16 SF, Straitéis Acmhainní Daonna agus Scéim na Roinne faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, ar láithreán gréasáin na Roinne.

> *Téigh i dteagmháil le:* Príomhoifigeach Cúnta ag fo-líne: (064) 27380, Ardoifigeach Feidhmiúcháin ag fo-líne 3832
> *RÍOMHPHOST: foi@dast.gov.ie, customerservice@dast.gov.ie*

Saoráil Faisnéise Leabhar Tagartha - Alt 15 agus 16

Teagmháil: Ardoifigeach Feidhmiúcháin ag (064) 27316
RÍOMHPHOST: foi@dast.gov.ie, customerservice@dast.gov.ie

7.10 AONAD AIRGEADAIS AGUS SPÓIRT

7.10.1 Feidhmeanna

Tá an tAonad freagrach as:

- Cothabháil agus uasghrádú na gCóras Airgeadais.
- Bainistiú acmhainní airgeadais na Roinne.
- Measteacháin Bhliantúla.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas na Roinne.
- Cuntais Leithghabhála bhliantúla a ullmhú.
- Tionscadal na Creatlaí Faisnéise Bainistíochta a chur i bhfeidhm.
- Riaradh Chlár Linne Snámha an Údaráis Áitiúil atá maoinithe ag an Státchiste.
- Iniúchadh ar thionscadail atá maoinithe faoin gClár Caipitil Spóirt.
- Tadhall Rioscaí na Roinne

7.10.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Luacháil a dhéanamh ar iarratais agus íocaíocht deontas faoi Chlár Linne Snámha an Údaráis Áitiúil

7.10.3 Aicmí taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:

- Meastacháin Bhliantúla agus Cuntais Leithghabhála.
- Ábhar treorach do choistí Dála agus Coistí um Chuntais Phoiblí.
- Taifead lárnach ar Smachtbhannaí na Roinne Airgeadais.
- Ábhar eile mar a thugtar don Roinn Airgeadais ó am go ham, mar shampla próifíl mhíosúla de chaiteachas.
- Taifid a bhaineann le cur i ngníomh thionscadal na Creatlaí Faisnéise Bainistíochta.
- Tograí Linne Snámha an Údaráis Áitiúil.
- Tuarascálacha Iniúchta ar thionscadail atá maoinithe faoin gClár Caipitil Spóirt.

7.10.4 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

Tá Meastacháin agus Cuntais Leithghabhála na Roinne (atá le fáil sna foilseacháin Rialtais ábhartha) le fáil ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2 nó ar líne ag www.finance.gov.ie

Téigh i dteagmháil le: Ardoifigeach Feidhmiúcháin ag fo-líne: 064 27351.

I gcás ceisteanna faoin Linn Snámha:

Téigh i dteagmháil le: Príomhoifigeach Cúnta ag 064 27353 nó Ardoifigeach Feidhmiúcháin ag 064 27352

7.11 AONAD TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

7.11.1 Feidhmeanna

Is í príomhfheidhm an Aonaid TF tacú le húsáid éifeachtach áiseanna agus córas Teicneolaíochta Faisnéise ionas go mbeidh siad ag freastal ar riachtanais chustaiméirí, foirne agus na Roinne. Seo a leanas na príomhfhreagrachtaí:

- Oibríocht, tacaíocht, cothabháil agus feabhsú na gcóras ríomhaireachta reatha agus slándáil.
- Bainistiú, feabhsú agus tacú le hinfrastruchtúr líonraithe áitiúil na Roinne.
- Briseadh i mBaile Átha Cliath agus i gCill Áirne agus na naisc tiomnaithe le cúram dóibh siúd agus VPN an Rialtais araon.
- Ríomhchumarsáid sonraí le heagraíochtaí seachtracha a chothabháil.
- Straitéis TF na Roinne a chur i ngníomh.
- Tionscnaimh ríomhsheirbhísí an Rialtais a chur i ngníomh agus a éascú.
- Na crua-earraí, bogearraí agus tomhaltáin TF uile a theastaíonn ón Roinn a sholáthar.

- Tacaíocht úsáideora a sholáthar d'fhoireann na Roinne, doiciméadú córais ábhartha, rochtain ar Dheasc chabhrach TF agus ranganna teagaisc ar bhonn duine le duine san áireamh.
- Cúnamh le soláthar/eagrú oiliúint intí nó seachtraí.
- Láithreán Gréasáin na Roinne agus a córais faisnéise bhunachar sonraí inmheánacha a chothabháil agus a fheabhsú.
- Clár Sócmhainní TF a chothabháil.

7.11.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Is iad rannáin líne na Roinne príomhchustaiméirí an Aonaid TF, agus den chuid is mó is soláthróir seirbhíse dóibh atá ann. Níl mórán teagmhála dírí ag an Aonad TF le baill den phobal, de bhrí gurb éard atá in obair an Aonaid den chuid is mó crua-earraí, bogearraí agus seirbhísí TF a sholáthar.

7.11.3 Aicmí taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:

- Crua-earraí, bogearraí, tomhaltáin agus seirbhísí TF a sholáthar.
- Ábhair Thagartha (lámhleabhair, ábhar bolscaireachta, foilseacháin ríomhairí)
- Loga ar cheisteanna, an Deasc Chabhrach, gnásanna córas.
- Straitéis forbartha TF.
- Córais TF nua a fhorbairt don Roinn.
- Oiliúint TF.
- Foirne agus cóiríocht TF.
- A bheith páirteach le LFBE na státseirbhíse (An Lárionad Forbartha um Bainistíocht agus Eagrúcháin) agus grúpaí TF idir-rannacha atá á riaradh aige.
- Taifid trealaimh (cothabháil, nuashonrúcháin agus clár sócmhainní san áireamh).
- Cúltaca de shonraí ríomhaireachta.
- Cúltaca sonraí don chóras TF.
- Slándáil TF.

7.11.4 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

Ní fhoilsíonn an tAonad TF aon fhaisnéis. Cothaíonn an tAonad láithreán gréasáin na Roinne áfach ar féidir teacht air ag http://www.arts-sport-tourism.gov.ie/

Téigh i dteagmháil le:	Ardoifigeach Feidhmiúcháin ag 064 27321 Oifigeach Feidhmiúcháin ag fo-líne 3864
ríomhphost:	itunit@dast.gov.ie
Facs:	064 27324

7.12 AONAD INIÚCHTA INMHEÁNAIGH

7.12.1 Feidhmeanna

An tAonad Iniúchta:

- Tugann an tAonad faoi chlár cuimsitheach iniúchtaí de chláir agus gníomhaíochtaí Rannacha.

7.12.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Ní chuireann an tAonad seirbhísí ar bith ar fáil go díreach don phobal.

7.12.3 Aicmí taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:

- Tuarascálacha Iniúchta.
- Lámhleabhair thagartha, foilseacháin agus araile.
- Ciorcláin faoi Nósanna Imeachta Airgeadais an Rialtais/na Roinne Airgeadais.

7.12.4 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

Ní eisíonn an tAonad bileoga faisnéise nó fógraí poiblí ar bith.

Téigh i dteagmháil le: Ardoifigeach Feidhmiúcháin ag fo-líne: 064 27318.

7.13 OIFIG PHREASA & FAISNÉISE

7.13.1 Feidhmeanna

Cuireann an tAonad beartais, gníomhaíochtaí agus a bhfuil bainte amach ag an Roinn in iúl do na meáin agus don phobal. Tá an Oifig seo freagrach as ullmhú agus scaipeadh preaseisiúintí agus óráidí chuig na meáin agus iad a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne. Déileálann an tAonad le ceisteanna ó na meáin faoi nithe atá san áireamh i sainchúram na Roinne, agus le ceisteanna ginearálta ón bpobal faoi sheirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil.

7.13.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Déileálann an tAonad le ceisteanna ginearálta ón bpobal faoi sheirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil, agus eisíonn sé, ar iarratas, cóipeanna d'fhoilseacháin na Roinne.

7.13.3 Aicmí taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:

- Preaseisiúintí.
- Óráidí.
- Gearrtháin nuachtán.

- Comhfhreagras ginearálta.

7.13.4 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

Ráitis Aireachta, Preas-Eisiúintí, Foilseacháin na Roinne agus araile.

Téigh i dteagmháil le: Preas-Oifig ag fo-líne: 3806 / 3807 / 3838

7.14 OIFIG PHRÍOBHÁIDEACH AN AIRE

7.14.1 Feidhmeanna

Feidhmíonn an Oifig Phríobháideach mar oifig idirchaidrimh idir an tAire agus oifigigh na Roinne; an tAire agus Ionadaithe Poiblí eile; agus an tAire agus an Pobal. I measc feidhmeanna na hOifige tá:

- Bainistiú Dhialann an Aire.
- Comhfhreagras chuig an Aire ón bPobal agus ó Ionadaithe Poiblí eile a phróiseáil.
- Déileáil le ceisteanna ar an teileafón.
- Socruithe a dhéanamh don Aire nuair a bhíonn Díospóireachtaí Atrátha agus tairiscintí Comhaltaí Príobháideacha ar siúl sa Dáil agus sa Seanad.
- A chinntiú go bhfuil an fhaisnéis ábhartha ar fad ag an Aire chun Ceisteanna Parlaiminteacha a fhreagairt sa Dáil.
- A chinntiú go bhfuil na páipéir ábhartha uile ag an Aire nuair a bhíonn sé/sí ag freastal ar Chruinnithe Comh-Aireachta.

Tá Oifigí an Aire roinnte in Oifig Phríobháideach agus Oifig Thoghlach. Déileálann Oifig Thoghlach an Aire leis na nithe uile a bhaineann leis an dáilcheantar. Déileálann an Oifig Phríobháideach leis na nithe eile ar fad mar aon le ceisteanna a bhaineann le hEalaíona, Spóirt agus Turasóireacht.

7.14.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Freagraíonn an tAire don chomhfhreagras uile ó bhaill den Phobal agus freisin ar uiríoll déanta ag ionadaithe poiblí thar ceann baill den Phobal. Ina theannta sin buaileann an tAire le baill den phobal agus freastalaíonn sé/sí ar ócáidí ar iarraidh ó ghrúpaí éagsúla agus baill den phobal.

7.14.3 Aicmí taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:

- Uiríoll déanta ag Toghthóirí (á gcoimeád in Oifig Thoghlach an Aire).
- Cóipeanna d'admhálacha a eisíodh.
- Freagraí deireanacha eisithe ag an Aire.
- Cinntí Rialtais agus páipéir Rialtais eile.

- Cuirí nach raibh an tAire in ann glacadh leo.
- Coinnítear taifead den chomhfhreagras a fhaigheann an tAire ar bhunachar sonraí ríomhaireachta.

7.14.4 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

Téigh i dteagmháil le: Rúnaí Príobháideach an Aire ag fo-líne: 3804

7.15 OIFIG PHRÍOBHÁIDEACH AN ARD-RÚNAÍ

7.15.1

Is í príomhfheidhm Oifig an Ard-Rúnaí rúnaíocht a sholáthar don Ard-Rúnaí agus na Rúnaithe Cúnta. Lena chois sin, is í an Oifig an pointe comhordaithe do cheisteanna parlaiminteacha, nithe eile a bhaineann le gnó Oireachtais a d'fhéadfadh freagairt ón Roinn a bheith ag teastáil uathu agus nithe eile a thagann chun cinn ó am go chéile.

7.15.2 Seirbhísí a sholáthraítear don phobal

Pointe teagmhála atá ann laistigh den Roinn do bhaill den phobal maidir le saincheisteanna ginearálta.

7.15.3 Aicmí taifead atá á gcoimeád

Taifid a bhaineann le:
- Comhfhreagras ginearálta leis an Ard-Rúnaí.
- Bunachar sonraí de na Ceisteanna Parlaiminteacha a cuireadh chuig an Roinn.
- Cinntí Rialtais a bhaineann le hobair na Roinne.
- Breathnaithe ar Dhréacht-Mheamraim don Rialtas ó Ranna eile.

7.15.4 Faisnéis ar fáil agus pointí teagmhála

Téigh i dteagmháil le: Rúnaí Príobháideach an Ard-Rúnaí ag fo-líne: 3809.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise
Leabhar Tagartha Alt 16

Cuid C – Faisnéis faoi Rialacha, Cleachtais & Nósanna Imeachta i ndáil le déanamh cinntí na Roinne

8. Faisnéis faoi Rialacha, Cleachtais & Nósanna Imeachta na Roinne

De réir théarmaí Alt 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, tugann an Roinn léargas anseo thíos ar na rialacha agus treoirlínte éagsúla a úsáidtear sa Roinn le cinntí a dhéanamh i leith na scéimeanna a oibrítear sa Roinn. Sa chás go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar na treoirlínte nó go bhfuil siad á bhforbairt, áireofar na treoirlínte athbhreithnithe in eagráin ina dhiaidh seo den Leabhar Tagartha seo, de réir mar a bhíonn fáil orthu.

Is iad (01) 631 3800, oifig Bhaile Átha Cliath agus (064) 27300, oifig Fhossadh príomh-uimhireacha teileafóin na Roinne, ach is féidir na teagmhálacha teileafóin uile inmheánacha sa Roinn d'oifigí Baile Átha Cliath atá liostaithe sa chuid seo den Leabhar Tagartha a dhiailiú go díreach trí (01) 631 agus an fo-líne ábhartha le ceithre dhigit a chur leis.

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh den ***cheantar "01" – bain leas as ár n-áis Lóghlao trí 1890 383000 a dhiailiú agus an fo-líne ábhartha a iarraidh. Áis Lóghlao má tá tú ag glaoch ó lasmuigh den cheantar "06": 1890 273000 (ní ghearrfar ach praghas glao áitiúil ort).***

8.1 Scannáin

8.1.1 Deimhniú Tionscadal Scannán ar Mhaithe le Faoiseamh Cánach (Alt 481 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997)

Tá scéim faoisimh chánach, dá ngairtear Faoiseamh Alt 481 (Faoiseamh "Alt 35" roimhe seo) ar fáil d'infheisteoirí Éireannacha a cheannaíonn scaireanna i gcuideachtaí léiriúcháin Éireannacha a dhéanann scannáin. De bhrí gur féidir 80% den mhéid a infheistítear a dhíscríobh ar mhaithe le cúiseanna cánach, is éard a bhíonn ón infheisteoir aischur ar an nglanchostas seachas ar an méid iomlán a infheistíodh. Is éard a bhíonn mar thoradh air seo de ghnáth ranníocaíocht suas le 11% den bhuiséad.

Ón 1 Eanáir 2005, tá freagracht glactha ag na Coimisinéirí Ioncaim as deimhniú tionscadal faoin scéim seo. Tá an próiseas iarratais agus na treoirlínte ábhartha ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim. Roimh a thugann na Coimisinéirí Ioncaim deimhniú cuirtear na tionscadail uile faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta chun iad a cheadú. Deonaítear an ceadú seo (coinníollacha ar féidir iad a leagan síos san áireamh) de réir Alt 481(2) (a) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, mar atá leasaithe, agus de réir na rialachán déanta faoin Alt seo. (I.R. Uimhir. 869 de 2004 (RIALACHÁIN SCANNÁN 2004.) Faoi na rialacháin seo ní féidir leis an Aire an ceadú seo a thabhairt faoi Alt 481(2) den Acht i leith scannáin ach amháin-

(a) má bhaineann an scannán le catagóir scannáin atá incháilithe do dheimhniú na gCoimisinéirí Ioncaim, agus
(b) go bhfuil an tAire sásta go ndéanfaidh an scannán ceann nó an dá rud seo a

leanas—
(i) feidhmiú mar spreagadh éifeachtach do dhéanamh scannán in Éirinn, trí, i measc rudaí eile, fostaíocht ar ardchaighdeán agus deiseanna oiliúna a sholáthar, agus
(ii) a bheith tábhachtach ó thaobh cur chun cinn, forbairt agus feabhsú an chultúir náisiúnta, an Ghaeilge san áireamh, más infheidhme.

Tá faisnéis agus doiciméadú mionsonraithe le fáil ó láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim www.revenue.ie

8.2 Ceol

8.2.1 Scéim Leathnaithe Gnó do Cheol

Comhaontaíodh na treoirlínte seo a leanas idir an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus an tAire Airgeadais agus is ann dóibh chun breac-chuntas a thabhairt ar na critéir atá in úsáid le tionscadail fheiliúnacha a dheimhniú chun críche an fhaoisimh chánach seo.

8.2.2 Treoirlínte don scéim

1. D'fhonn próiseáil ordúil d'iarratais do dheimhnithe, ní mór do chuideachtaí a n-iarratais a chur chuig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta chomh luath agus is féidir.

2. Áit a bhfuil sé de rún ag an gcuideachta iarratas a chur chuig na Coimisinéirí Ioncaim do cheadúnú imlíneach don tionscadal féadfar é seo a dhéanamh ag an am céanna.

3. Is éard atá i gceist le cuideachta cháilitheach, cuideachta nach bhfuil i gceist lena trádáil ach táirgeadh, foilsiú, margaíocht agus cur chun cinn taifeadta cháilithigh nó taifead cáilitheach le díreach ealaíontóir nua amháin agus a léiríonn, chun sástachta na gCoimisinéirí Ioncaim go bhfuil deimhniú tugtha, agus nach bhfuil sé cúlghairthe ag an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

4. Ciallaíonn taifeadadh cáilitheach taifeadadh déanta i stiúideo sa Stát i bhformáid taifeadta ar bith i stíl cheoil ar bith, aon fhíseán a bhaineann go díreach le taifead mar sin san áireamh, le healaíontóir nua faoi réir na gcoinníollacha a leagadh síos i dteastas eisithe ag an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta faoi Alt 16 den Acht Airgeadais, 1984 (mar atá leasaithe ag an Acht Airgeadais, 1996).

5. Ciallaíonn "ealaíontóir nua"
   (i) ealaíontóir aonair, nó
   (ii) grúpa a bhfuil níos mó ná ealaíontóir amháin ann
   nach bhfuil a díolacháin albam iomlána sna margaí uile níos mó ná 5000 aonad roimh don Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireacht an t-iarratas a fháil.

6. Is éard atá i gceist le halbam taifeadadh foilsithe ar bith a bhfuil cúig nó níos mó de shaothair cheoil dhiscréideacha air nó i gcás go bhfuil níos lú ná cúig

shaothar mar sin ann, go bhfuil fad iomlán an ábhair cheoil níos faide ná fiche nóiméad.

7. Ceanglaítear ar iarratasóirí plean gnó inchreidte trí bliana a sholáthar mar aon le cóipeanna den doiciméadú dlíthiúil iomlán faoin gcuideachta agus aon fhaisnéis eile a iarrfaidh an tAire le réasún.

8. San áireamh sa Phlean Gnó ba cheart go mbeadh príomhchuspóirí an Phlean mar aon le sonraí faoin mbealach a gcaithfear cistí SLG, spriocmhargaí, díolacháin réamh-mheasta, maoiniú réamh-mheasta, fostaíocht réamh-mheasta agus ar araile, thar thréimhse an phlean mar aon le sonraí faoi chuideachtaí comhlachaithe áit a bhfuil súil le haistriú fostaithe nó sócmhainní sa Phlean.

9. Coinníoll a bhaineann le heisiúint deimhnithe go gcuireann gach cuideachta Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ar an bPlean Gnó ar fáil don Aire don trí bliana tar éis eisiúint scaireanna (nó tréimhse níos faide má aontaítear air leis an Aire). Ní mór an tuarascáil a chur ar fáil tráth nach déanaí ná 31 Márta gach bliain nó cibé dáta eile a aontaítear leis an Aire.

10. Féadfaidh an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta cinneadh a dhéanamh faoin uasmhéid airgid ar féidir a chruinniú.

11. Ní mór don chuideachta taifeadadh cáilitheach a dhéanamh i stiúideo sa Stát laistigh de 12 mí ó eisiúint an deimhnithe agus ní mór é a fhoilsiú laistigh de 12 mí ina dhiaidh sin.

12. Le linn a bheith ag breithniú ar chóir deimhniú a thabhairt, beidh aird ag an Aire ar mhodh, méid agus tráthúlacht a bhfuil an t-airgead cruinnithe le húsáid ann trí thagairt a dhéanamh do cheann ar bith nó na critéir uile seo a leanas:

    (a) an líon daoine fostaithe (lán-ama nó coibhéiseach lán-ama) ag gach leibhéal den tionscadal (réamhchleachtadh, taifeadadh, bolscaireacht, camchuairtíocht) - lena n-áirítear riarthóirí, ceoltóirí, pearsanra stiúideo - a bhfuil sainchónaí nó a bhfuil cónaí nó gnáthchónaí orthu sa Stát agus an cion de na daoine sin i gcoibhneas líon iomlán na ndaoine atá fostaithe ag gach leibhéal agus ag gach céim den tionscadal;
    (b) méid, cineál agus caighdeán na hoiliúna curtha ar fáil do phearsana aonair a bhfuil sainchónaí nó a bhfuil cónaí nó gnáthchónaí orthu sa Stát;
    (c) beidh ról lárnach ag an méid de bhuiséad an tionscadail atá le caitheamh ar áiseanna atá ar fáil sa Stát, mar shampla áiseanna sa stiúideo, díoltóireacht, dearadh grafach, táirgeadh CD/téipe, agus ar araile le luacháil an tionscadail. Glactar leis go mb'fhéidir go mbeidh gá le caiteachas éigin ar thionscadal lasmuigh den Stát;
    (d) an méid bainistíochta, cuntasóireachta, táillí dlíthiúla agus gairmiúla eile a bhfuil foráil déanta dóibh sna conarthaí idir an scairshealbhóir/tionscnóirí agus an t-ealaíontóir nó an grúpa;
    (e) an méid a leanfaidh an tionscadal de bheith bunaithe in Éirinn agus ag an am céanna a bheith ag saothrú ar mhargaí idirnáisiúnta. Bheadh láthair conarthaí bainistíochta agus foilsitheoireachta, láthair na mbrabús foilsitheoireachta agus araile ábhartha anseo.

13. Ar theacht ar bhreith maidir le Deimhniú a eisiúint, féadfaidh an tAire comhairle aon duine nó comhlacht daoine a lorg, i dtuairim an Aire a chabhróidh leis/léi i leith an tionscadail atá i gceist.

14. Ní hionann eisiúint deimhnithe agus aon chineál formheasa ar inmharthanacht tráchtála tionscadail ón Aire. Ní féadfar é a úsáid chun tionscadal a chur chun cinn d'infheisteoirí poitéinsiúla i réamheolaire ar bith nó ábhar bolscaireachta ar bith nó ní féidir é a thabhairt mar litir sóláis. D'fhonn a chur in iúl go bhfuil deimhniú eisithe ag an Aire áfach, ba cheart an fhoirm foclaíochta caighdeánaí seo a leanas a úsáid:

"Eisíodh deimhniú faoi Alt 16 den Acht Airgeadais, 1984 (mar atá leasaithe ag an Acht Airgeadais, 1996). Ní hionann eisiúint an deimhnithe seo agus aon chineál formheasa ar inmharthanacht tráchtála an tionscadail".

15. Ní mór béim a leagan ar an bpointe nach dtugann deimhniú a eisíonn an tAire chuig cuideachta i leith a Phlean Gnó le tuiscint ar shlí ar bith go measfaidh na Coimisinéirí Ioncaim go huathoibríoch gur cuideachta cháilitheach atá ann chun críche an SLG nó go ndeonófar an faoiseamh d'infheisteoirí sa chuideachta. Ní bhaineann na nithe seo ach amháin, ar an gcéad ásc, leis na Coimisinéirí Ioncaim.

16. Féadfaidh an tAire deimhniú a leasú nó a chúlghairm nó aon choinníoll ina leith sa chás go dteipeann ar an gcuideachta cistí cruinnithe faoin Scéim de bhun príomhchuspóirí an Phlean Gnó a chur i bhfeidhm (faoi réir modhnaithe suntasacha aontaithe leis na Aire). D'fhéadfadh aistarraingt an faoiseamh a deonaíodh chuig infheisteoirí a aistarraingt a bheith mar thoradh ar chúlghairm an deimhnithe. Ní chúlghairfear deimhniú ag aon am i ndiaidh sé mhí tar éis don Aire an tríú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn a eisiúint. Ní bheidh deimhniú cúlghairthe áit nach bhfuil an tAire sásta nach féidir cloígh leis an bPlean Gnó chun críche cúiseanna tráchtála dílse nó ag teacht ó imthosca eacnamaíocha, nó áit a dtéann an chuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht do chúiseanna tráchtála bona fide agus ní chun críche cáin a sheachaint.

17. Beidh ar shealbhóir an Deimhnithe na coinníollacha faoinar eisíodh an Deimhniú a chur in iúl i scríbhinn d'infheisteoirí poitéinsiúla.

18. I ngach cás, beidh coinníoll ag gabháil le heisiúint Deimhnithe, is é sin go ndéanfar Foirm Bhunachar Sonraí Eacnamaíochta atá ceaptha le haghaidh gach tionscadal a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an Aire. Is éard a bheidh sa bhunachar sonraí seo an bonn d'anailís chriticiúil leanúnach ar na sochair eacnamaíocha a tharlaíonn de bharr tús a chur le SLG na dtionscadal seo.

8.3 *Culture Ireland*

Gníomhaireacht náisiúnta í *Culture Ireland* a bunaíodh in 2005 ar mhaithe le healaíona Éireannacha a chur chun cinn agus a fhorbairt i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Tá suíomh gréasáin Cultúr Éireann ag www.cultureireland.gov.ie

8.3.1 Cuspóir na Tacaíochta

Cuireann *Culture Ireland* tacaíocht ar fáil d'ealaíontóirí Éireannacha nó eagraíochtaí ealaíon a bhfuil baint acu le himeachtaí thar lear agus éascaíonn sé rannpháirtíocht Éireannach ag imeachtaí ealaíon idirnáisiúnta straitéiseacha.

8.3.2 Incháilitheacht agus Critéir

Tá gach eolas faoi mhaoiniú ar fáil ag www.cultureireland.gov.ie
Measann *Culture Ireland* iarratais do gach foirm de na healaíona a shainmhínítear san Acht Ealaíon, 2003 mar "aon léiriú cruthaitheach nó léiritheach (cibé traidisiúnta nó comhaimseartha agus i cibé foirm, a áiríonn, go háirithe, amharcealaíona, téatar, litríocht, ceol, damhsa, ceoldrámaíocht, scannán, sorcas agus ailtireacht, agus áirítear aon mheán a úsáidtear chun na gcríoch seo".

Ní mór don iarratasóir a léiriú conas a mbainfidh an t-imeacht amach na critéir atá leagtha amach anseo thíos.

1. Caighdeán ealaíonta agus ardchaighdeán an togra
2. Tionchar straitéiseach sa tír a bhfuil an ghníomhaíocht le tarlú ann
3. Inmharthanacht maoinithe agus oibriúcháin an togra
4. Iomchuibheas an togra don tír óstach
5. Cion na gcostas atá á chur ar fáil ag moltóir nó eagraíochtaí iomchuí eile
6. An méid a chuireann an ghníomhaíocht mholta le haidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha *Culture Ireland*

Ní mór go mbeadh gné éigin de thaispeántas, léiriúchán nó cur i láthair don lucht féachana i gceist (mar shampla páipéar a chur i láthair ag comhdháil nó filíocht a léamh, seachas freastal ar imeacht éigin).

I measc samplaí d'iarratais incháilithe tá

- Léiriú téatair agus damhsa thar lear á dhéanamh ag cuideachtaí atá bunaithe go gairmiúil nó á stiúradh ag léiritheoir nó córagrafaí gairmiúil.
- Na costais taistil a bhíonn ag scannánóirí a bhíonn ag taispeáint scannán thar lear.
- Léirithe a dhéanann ceoltóirí, bannaí nó grúpaí córúla atá bunaithe go gairmiúil nó á stiúradh go gairmiúil thar lear.
- Costais taistil amharc-ealaíontóirí agus saothair ealaíne a iompar.
- Údair ag léamh sleachta as a gcuid saothar

I measc na gcineálacha iarratas nach bhfuil incháilithe do thacaíocht ó *Culture Ireland* tá:

- imeachtaí a bhí ar siúl cheana féin
- imeachtaí spóirt
- taighde, staidéar nó oiliúint ghairmiúil
- maoiniú chun foirgnimh, cultacha nó trealamh a cheannach / a dheisiú
- cláir nasctha bailte
- taisteal go hÉirinn
- malartuithe nó cuairteanna scoile
- aistriúcháin
- leabhair a fhoilsiú
- páirt a ghlacadh in imeachtaí iomaíocha ceoil agus damhsa.

8.3.3 Iarratais a Dhéanamh

Is féidir foirmeacha iarratais a fháil agus a sheoladh ar ais chuig:

Culture Ireland
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
Seomra 3.32
Foirgnimh Fhreidric
Sráid Fhreidric Theas
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: (01) 6313905/3994/3917 Facs: (01) 6313956

Is féidir iarratais a chur trí ríomhphost chuig cultureireland@dast.gov.ie

Tá foirmeacha ar fáil ar an láithreán gréasáin www.cultureireland.gov.ie

Spriocdhátaí d'Iarratais:

Casfaidh *Culture Ireland* le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana, go luath i mí Márta, mí Meitheamh, mí Mheán Fómhair agus arís i mí na Nollag, chun iarratais a mheas. Is é an spriocdháta d'iarratais a fháil an 15 lá den mhí roimhe sin.

I ngach cás, ní mór gach iarratas a fháil ar a laghad ocht seachtaine roimh an t-imeacht a bhfuil an maoiniú á lorg ina leith.

Admhófar gach iarratas a fhaightear. I gcás nach bhfuil admháil faighte ag iarratasóirí ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le *Culture Ireland*. Ní ghlacfar

le héilimh gur cailleadh nó gur cuireadh moill ar iarratas sa phost gan cruthúnas (deimhniú cláraithe nó deimhniú postála).

Cuirfear cinneadh an Bhoird in iúl d'iarratasóirí chomh luath agus is féidir tar éis gach cruinnithe, laistigh de 10 lá oibre go ginearálta. Ní dhéanfaidh an Bord athmhachnamh ar iarratais nár éirigh leo.

Iarratais ar Éirigh Leo

Beidh sé riachtanach go mbainfidh gach iarratas rathúil amach coinníollacha iomlána na ndámhachtainí a leagadh amach sna "Coinníollacha Deontais". Ina measc seo tá foirm tuarascála a chomhlánú mar aon le haighneacht den éileamh dámhachtana laistigh de shé seachtaine ó chríoch an imeachta chomh maith le tacaíocht *Culture Ireland* a aithint, lógó san áireamh, ar ábhair bholscaireachta ar bith.

8.3.4 Íocaíocht Dámhachtainí

Déanfar íocaíocht i leith imeachtaí atá tarlaithe amháin. Nuair a bheidh tuarascáil á sheoladh agus nuair a bhíonn íocaíocht deontais á lorg, níor cheart ach úsáid a bhaint as admhálacha nó sonraisc admhaithe **bunaidh** a thugann fianaise ar chaiteachas. **Ní** ghlacfar le fótachóipeanna, facsanna agus sonraisc nach bhfuil admhaithe.

8.4 Forais Chultúir – Míreanna Oidhreachta.

8.4.1 Faoiseamh do Dheonacháin Míreanna Oidhreachta chuig Comhlachtaí Ceadaithe – Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Tá faoiseamh cánach ar fáil i leith nithe dearscnaitheacha oidhreachta náisiúnta a bhronntar ar Bhailiúcháin Náisiúnta na hÉireann atá á gcoimeád ag comhlachtaí ceadaithe atá liostaithe san Acht. Is éard atá san fhaoiseamh creidmheas cánach i gcoinne dliteanas cánach tabhaithe ag an mbronntóir. Is iad na cánacha a chlúdaíonn an faoiseamh seo Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáideach, Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla, Cáin Bhronntanais agus Cáin Oidhreachta.

8.4.1.1 Conas cáiliú d'Fhaoiseamh Alt 1003

Chun cáiliú don fhaoiseamh, is ceart do bhronntóirí míreanna oidhreachta na bearta seo a leanas a ghlacadh:

- Déan teagmháil leis an Rúnaí, Coiste Roghnóireachta Alt 1003, f/ch An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Fossadh, Cill Áirne, Co. Chiarraí chun foirm iarratais agus faisnéis bhreise ar bith eile a fháil (teileafón 064 27341 nó 064 27343, Facs: 064 27350.)

- Seol an fhoirm iarratais chomhlánaithe ar ais chuig Rúnaí an Choiste.

- Ansin déanfaidh an Coiste luacháil ar an deonachán beartaithe d'fhonn cinneadh a dhéanamh an bhfuil nó nach bhfuil sé ag comhlíonadh riachtanais na reachtaíochta agus iarrfaidh siad go foirmiúil ar na Coimisinéirí Ioncaim measúnú neamhspleách a fháil faoi luach oidhreachta agus airgeadais na ndeonachán.

- Má chomhlíontar na riachtanais riachtanacha cuirfear in iúl don deontóir nó dá g(h)níomhaire go bhfuil an togra inghlactha. Nuair a bheidh an deonachán déanta dearbhóidh ionadaí an chomhlachta atá ag glacadh leis an deonachán go bhfuil an deonachán agus úinéireacht faighte. Tabharfar dúblach den Deimhniú seo do na Coimisinéirí Ioncaim atá freagrach as déileáil leis an bhfaoiseamh cánach iomchuí.

- Ní féidir iarratas ar fhaoiseamh cánach Alt 1003 a dhéanamh i ndiaidh deonacháin.

8.4.1.2 Coiste Roghnóireachta Alt 1003

Ar an gCoiste tá Stiúrthóirí na Cartlainne Náisiúnta, Dhánlann Náisiúnta na hÉireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Na Comhairle Ealaíon mar aon le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle Oidhreachta. Is í an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a chuireann an Rúnaíocht agus an Chathaoirleacht ar fáil, agus tá ionadaíocht ag na Coimisinéirí Ioncaim i riocht breathnóra.

8.4.1.3 Míreanna Oidhreachta

Sainmhíníonn Alt 1003 soláthar faoisimh chánach míreanna oidhreachta mar aon chineál mír oidhreachta atá ina sampla ilbhuach den chineál míre atá i gceist agus dearscnaitheach ina haicme féin, arbh ionann a honnmhairiú ón Stát agus maolú ar oidhreacht charnaithe chultúrtha na hÉireann. Ní mór an mhír/na míreanna a bheith oiriúnach lena fáil/bhfáil ag comhlachtaí ceadaithe. Cinneann an coiste roghnóireachta cibé an bhfuil nó nach bhfuil deonachán beartaithe ar leith ag cloí leis na critéir oidhreachta atá leagtha amach san Acht. Tá dualgas ar an gcoiste measúnú neamhspleách ar luach oidhreachta deonachán beartaithe a lorg ón gComhairle Ealaíon, an Chomhairle Oidhreachta agus comhlacht iomchuí éigin eile.

Is é €150,000 luach íosta míre nó bailiúchán míreanna a d'fhéadfadh cáiliú faoin Scéim. Ina theannta sin, i gcás Bailiúchán, ní mór go mbeadh íosluach €50,000 ag baint le mír amháin ar a laghad sa Bhailiúchán agus ní mór go mbeadh mír aonair amháin ar a laghad, má tá sé á dheonú leis féin, ag cloí leis na critéir oidhreachta. Ní féidir le comhluach margaidh oscailte na míreanna oidhreachta uile ar féidir iad a dheonú i mbliain féilire amháin a bheith níos mó ná €6 milliún. Cinnfidh na Coimisinéirí Ioncaim luach airgeadais deonacháin bheartaithe go neamhspleách.

Bíonn ar na Coimisinéirí Ioncaim ainmneacha, tuairiscí agus luachanna na míreanna oidhreachta a dheonaítear faoin Scéim a bhailiú agus a fhoilsiú ina dTuarascálacha Bliantúla.

8.4.2 Comhlachtaí Ceadaithe

Seo a leanas liosta reatha de Chomhlachtaí Ceadaithe faoin reachtaíocht:

- An Chartlann Náisiúnta
- Dánlann Náisiúnta na hÉireann
- Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Tá údarás ag an Aire Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta, le toiliú an Aire Airgeadais, comhlachtaí eile a cheadú chun críche faoisimh. Ní mór comhlachtaí den sórt sin a bheith á maoiniú go hiomlán nó go páirteach ag an Stát nó ag údarás áitiúil.

Is féidir Foirmeacha Iarratais agus Faisnéis faoin bhFaoiseamh a fháil ó:

Seoladh: An Coiste Roghnóireachta
Deonacháin Alt 1003
f/ch Aonad na bhForas Cultúir
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
Fossadh
Cill Áirne
Co. Chiarraí

Teileafón: (064) 27341
Facs: (064) 27350

8.4.3 An Ciste Oidhreachta

Bhunaigh an tAcht um Chiste Oidhreachta, a tosaíodh in 2001, Ciste le teorainn iomlán de €12,697 milliún thar thréimhse cúig bliana. Forálann an tAcht do leithdháileadh €3,809,214 sa bhliain airgeadais 2001, €2,539,476 sna blianta airgeadais 2002, 2003 agus 2004 agus suim dheireanach de €1,269,738 sa bhliain airgeadais 2005.

Is iad na cúig institiúid incháilithe ag baint leas as an gCiste Oidhreachta príomhinstitiúidí bailiúcháin náisiúnta na hÉireann:

An Chartlann Náisiúnta
Dánlann Náisiúnta na hÉireann
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Tá na príomhinstitiúidí bailiúcháin freagrach as cur leis na bailiúcháin atá acu do na glúine atá ann anois agus na glúine a bheidh ann amach anseo. Ceadaíonn an ciste míreanna oidhreachta a fháil a mheastar gur samplaí den scoth atá iontu agus go bhfuil siad dearscnaitheach ina n-aicme féin ionas gur féidir le hÉireannaigh sult a bhaint as déantáin den scoth, meas a bheith acu orthu agus luach a chur le déantáin

den scoth, i measc na ndéantán seo tá míreanna seandálaíocha, lámhscríbhinní, leabhair agus saothair ealaíne a mbaineann tábhacht náisiúnta leo. Ceadaíonn an tAcht do dhéantáin a bhfuil luacháil níos mó ná €317,435 faighte acu.

8.5 Clár Caipitil Spóirt

Cabhraíonn an Clár Caipitil Spóirt le clubanna agus eagraíochtaí spóirt mar aon le heagraíochtaí deonacha agus pobail, áiseanna spóirt agus áineasa atá dea-dheartha agus inmharthana a thógáil agus a athchóiriú. Tugtar tús áite faoin gClár d'áiseanna a fhorbairt i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste ar aon dul le beartas Rialtais atá dírithe ar rannpháirtíocht sa spóirt agus san áineas sna ceantair seo a mhéadú. Cuirtear iarratais do mhaoiniú i gcatagóirí i dtéarmaí catagóirí áitiúla, réigiúnacha .i. contae nó dobharcheantar níos mó agus catagóirí náisiúnta, mar shampla ionaid spóirt agus áiseanna imeartha náisiúnta.

Níl deontais iníoctha i leith suíomh nó áitreabh a cheannach nó áit a bhfuil tús curtha le hobair nó go bhfuil conradh sínithe sula gcuirtear an t-iarratasóir ar an eolas faoi chinneadh na Roinne nó faoina iarratas deontais.

8.5.1 Leibhéil de Chúnamh Deontais agus íosleibhéil maoinithe a theastaíonn ó iarratasóirí

Ionas go measfar iarratas bailí, ní mór d'iarratasóirí a thaispeáint gur féidir leo féin méid íosta airgid a chur ar fáil, ar a laghad 30% de chostas iomlán an tionscadail, nó 20% má tá sé suite i gceantar a dtugtar ceantar faoi mhíbhuntáiste air. Ba cheart cruthúnas de mhaoiniú áitiúil, a chuirfear san áireamh nuair a bheidh cúnamh deontais á roghnú, a chur isteach leis an iarratas .i. ráiteas ó bhainc, ó chumann foirgníochta nó ó chomhar creidmheasa a fuarthas le déanaí.

Déantar cinneadh maidir le leibhéil chúnaimh bunaithe ar leibhéil ranníocaíochta áitiúla agus critéir eile a shonraítear sna Treoirlínte, Téarmaí agus Coinníollacha a bhaineann leis an gClár Caipitil Spóirt, agus ar aon chor ní bheidh níos mó ná seo i gceist:

Stádas an Iarratasóra	Deontas Uasta atá ar Fáil	Ranníocaíocht Áitiúil Íosta
Áiseanna Áitiúla	70%	30%
Ceantair faoi mhíbhuntáiste	80%	20%

Áiseanna Réigiúnacha/Náisiúnta	Mar a mheasfar oiriúnach bunaithe ar scála na forbartha beartaithe

8.5.2 Critéir Roghnóireachta do Cheadú Deontais

Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtugann iarratasóirí le fios go bhfuil miontaighde déanta acu ar a dtionscadail agus go dtugann siad míniú iomlán orthu ina n-iarratais. Déantar measúnú agus tugtar scór d'iarratais bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- An bhfuil sé mar aidhm ag an tionscadal rannpháirtíocht ghníomhach a mhéadú i spóirt agus/nó caighdeáin feidhmithe spóirt a fheabhsú ar aon dul le spriocanna atá luaite go soiléir agus go léiríonn an t-iarratasóir conas a mheasfaidh sé/sí na méaduithe nó feabhsuithe seo. Tabharfaidh an Roinn tús áite go háirithe do na háiseanna a chabhróidh le rannpháirtíocht na mban i spóirt a chur chun cinn agus a fheabhsú.

- An bhfuil fianaise curtha ar fáil ag an iarratasóir go bhfuil an tionscadal suite i gceantar i gceantar atá faoi mhíbhuntáiste agus go gcomhlíonann sé riachtanas sa cheantar le haghaidh áiseanna spóirt.

- Cibé an bhfuil na nithe seo a leanas curtha ar fáil ag an iarratasóir: fianaise ar theideal do shuíomh an tionscadail; fianaise ar iarratas déanta ar cheadúnas pleanála atá déanta nó atá á dhéanamh; líníochtaí/sonraíochtaí don tionscadal; agus costáil chruinn do gach gné den tionscadal.

- Cibé an bhfuil an tionscadal réalaíoch i dtéarmaí scála, costas agus cúnaimh deontais a iarradh.

- Cibé an bhfuil léirithe ag an iarratasóir go bhfuil taithí aige/aici ar airgead a bhailiú agus leibhéal maith maoinithe a bheith aige/aici a thabharfaidh deis dó/di an tionscadal a chríochnú laistigh de thréimhse ama réalaíoch.

- Cibé an bhfuil a leibhéal rannpháirtíochta féin i leith an tionscadail cruthaithe ag an iarratasóir.

- Cibé an bhfuil réamh-mheastacháin réalaíocha ioncaim san áireamh san iarratas ó áis bheartaithe a úsáidfear chun é a chothabháil nuair a bheidh sé críochnaithe.

- Cibé an bhfuil ardleibhéal tosaíochta ag an tionscadal i ndáil le háiseanna reatha an iarratasóra.

- Cibé an bhfuil leibhéal maith d'áiseanna cosúla spóirt sa cheantar cheana féin.

- Cibé an n-áiríonn an t-iarratas sonraí agus fianaise comhchomhairle le clubanna eile, grúpaí pobail, scoileanna agus an t-údarás áitiúil, go háirithe na cinn a úsáidfidh an áis.

- Cibé an dtugann an t-iarratas míniú soiléir ar conas a mheallfaidh an t-iarratasóir daoine atá eisiata go sóisialta chun an áis a úsáid.

- Cibé an n-oireann an tionscadal do na tosaíochtaí do spóirt an iarratasóra mar atá aitheanta ag a gcomhlacht ceannais náisiúnta spóirt (do thionscadail réigiúnacha nó ar leibhéal náisiúnta amháin).

I measc na dtionscadal a bhfuil tús áite á thabhairt dóibh tá tionscadail atá riachtanach nó lárnach maidir le feidhmiú spóirt a fheabhsú nó rannpháirtíocht i spóirt a mhéadú, mar shampla páirceanna imeartha a fhorbairt agus a shuiteáil nó tuilsoilsiú, seomraí chun athraithe nó cithfholcadáin a fheabhsú. Astu seo, tugtar tús áite do thionscadail i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Ní thugtar tús áite maidir le maoiniú faoin gClár d'oibreacha nach bhfuil riachtanach nó lárnach maidir le rannpháirtíocht nó feidhmiú spóirt, cosúil le tírdhreachtú, carrchlóis, cosáin agus araile. Ní chuirtear maoiniú ar fáil d'áiseanna beáir.

Chun críche an Chláir, sainmhínítear ceantair atá faoi mhíbhuntáiste mar cheantair atá ainmnithe ag an Rialtas chun tacaíocht speisialta a fháil trí RAPID 1, RAPID 2, Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Cláir CLÁR. Is í an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta atá i mbun na gclár seo a riaradh.

8.5.3 Nós Imeachta Roghnóireachta

8.5.3.1 Measann oifigigh ó Aonad Caipitil Spóirt na Roinne gach iarratas, agus tugtar scór dóibh faoin gcritéir mheasúnaithe a bhfuil cur síos air ag 8.5.2. thuas, ag brath ar líon na gcritéar a mbaineann siad amach. Tugtar 'meáchain' dhifriúla do na critéir éagsúla ag brath ar an tábhacht a bhaineann leo.

8.5.3.2 Le linn an phróisis mheasúnaithe, féadfaidh an Roinn dul i gcomhairle le, de réir mar is cuí, ranna rialtais eile, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí rialaithe spóirt eile, go háirithe i ndáil le tionscadail réigiúnacha agus náisiúnta. Chomh maith leis sin déanann measúnú ar thionscadail réigiúnacha comparáid le agus cuirtear na hiarratais eile ón réigiún sa chuntas agus go háirithe an costas a bhaineann leis an tionscadal i ndáil le méid iomlán an mhaoinithe atá ar fáil le leithdháileadh.

8.5.3.3 Ag deireadh an phróisis seo faigheann gach iarratas scór, a chinneann an t-ord tábhachta a bhaineann leis sin ina chontae féin. Tugtar moltaí, bunaithe ar chonclúidí an phróisis seo agus ag féachaint don mhéid maoinithe atá ar fáil le leithdháileadh, don Aire a dhéanann an cinneadh deireanach faoi thionscadail agus deontais atá le leithdháileadh go sealadach faoin gClár Caipitil Spóirt.

8.5.3.4 Ag leanúint ar aghaidh ón gcinneadh ar leithdháiltí deontais shealadacha, cuirtear an cinneadh in iúl i bhfoirm litreach do na hiarratasóirí nár éirigh leo agus tugtar cóip dá mheasúnaithe dóibh. Cuirtear an deontas atá leithdháilte go sealadach in iúl do na hiarratasóirí ar éirigh leo mar aon leis na téarmaí agus coinníollacha sonracha nach mór dóibh a bhaint amach sular féidir an deontas a cheadú go foirmiúil agus an íocaíocht a eisiúint. I measc na riachtanas seo beidh nithe a bhaineann le hullmhú pleananna, líníochtaí, tairiscintí, staidéir féidearthachta, socruithe conarthacha, imréiteach cánach, árachas, Gníomhais Iontaobhais, bainistiú agus tús a chur leis an tionscadal. Tá scóip ghinearálta na riachtanas seo leagtha amach i dTreoirlínte, Téarmaí agus Coinníollacha an Chláir, atá le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.dast.gov.ie nó ar iarraidh ó Aonad Caipitil Spóirt Rannán Spóirt 1.

8.5.4 Conas a Dhéantar Íocaíochtaí Deontais agus Conas a Dhéantar Monatóireacht Orthu

8.5.4.1 Tá deontais iníoctha ag na rátaí atá leagtha amach ag 8.5.1 thuas agus tá siad iníoctha i gcéimeanna de réir mar a théann an tionscadal chun cinn bunaithe ar shonraisc bhunaidh, íoctha, bhailí nó deimhnithe íocaíochta a fháil.

8.5.4.2 Ní mór don deontaí gach íocaíocht deontais a eisíonn an Roinn dóibh a admháil trí fhoirm admhála a shíniú agus a sheoladh ar ais sula ndéanann siad iarratas ar bhreis íocaíochta.

8.5.4.3 Coinnítear méid 5% den deontas ar feitheamh deimhniú ó shainchomhairleoir nó ailtire an deontaí go bhfuil an tionscadal críochnaithe go sásúil i ngach slí agus go gcuirtear fianaise ar fáil go bhfuil an t-árachas riachtanach ann. I gcás tionscadal níos mó, ní mór don deontaí deimhniú a sholáthar freisin óna sainchomhairleoir nó ailtire ag deireadh Thréimhse Dliteanais Lochtanna an tionscadail agus go bhfuil gach ní mar is ceart.

8.5.4.4 Tá tionscadail faoi réir chigireacht ionadaithe na Roinne le linn na céime tógála agus/nó tar éis chomhlánú an tionscadail. Ní mór d'iarratasóirí a n-éiríonn leo doiciméadú a bhaineann le gach tionscadal a choinneáil ar feadh trí bliana ar a laghad tar éis chomhlánú an tionscadail.

8.5.4.5 Coiscfear maoiniú amach anseo agus tarraingeofar siar deontais i gcás iarratasóirí a chuireann doiciméadú calaoiseach nó faisnéis mhíthreorach chuig an Roinn. Forchoimeádann an Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta an ceart cúlárach dlíthiúil a lorg i gcásanna a bhfuil íocaíochtaí deontais á dtarraingt anuas faoi chúinsí calaoiseacha.

8.5.4.6 Forchoimeádann an Roinn an ceart coinníollacha breise nó sonracha a shonrú do thionscadail ar leith. Féadfaidh difríocht a bheith sna himthosca agus coinníollacha do thionscadail aonair ag brath ar mhéid an deontais, costas an tionscadail, cineál agus stádas an tionscadail atá ag fáil cabhrach. Bíonn téarmaí agus coinníollacha sonracha do phleanáil, tairiscint a

dhéanamh, tógáil agus íocaíocht an deontais sonraithe i litir na Roinne ag ceadú an deontais.

8.5.4.7 Ní mór do gach tionscadal a fhaigheann cúnamh deontais comhartha admhála a thaispeáint go bhfuil siad ag fáil cúnaimh ó fháltais an Chrannchuir Náisiúnta.

8.5.5 Nós Imeachta maidir le hIarratas ar Dheontas a Dhéanamh

Fógraítear an Clár Caipitil Spóirt sa phreas náisiúnta gach bliain agus luaitear spriocdháta le hiarratais a fháil. Tá an Clár oscailte do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt agus grúpaí deonacha agus pobail a dhéanann iarratas ar mhaoiniú faoin gClár.

Tá foirmeacha iarratais agus sonraí eile maidir le deontais le fáil ó:

Seoladh: Aonad Caipitil Spóirt
An Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta
Fossadh
Cill Áirne
Co. Chiarraí

Ríomhphost: sportsunit1@dast.gov.ie
Teileafón: 064 27365 / 27363 / 27364

Lena chois sin soláthraíonn an Roinn áis ar a láithreán gréasáin chun foirmeacha iarratais don Chlár a chomhlánú agus a sheoladh isteach ar líne. Is féidir an áis ar líne a rochtain, ón uair a bhfógraítear an Clár go dtí an spriocdháta d'iarratais, ag **www.dast.gov.ie**

I gcás iarratais a dhéantar ar líne ní mór cóip chlóite agus shínithe den iarratas comhlánaithe a sheoladh, mar aon leis an doiciméadú ábhartha a bheith leis, chuig an Aonad Caipitil Spóirt roimh spriocdháta an Chláir.

8.6 Clár Linne Snámha

Tá cúnamh deontais ón Státchiste ar fáil d'údaráis agus comhlachtaí áitiúla a fhaigheann tacaíocht ó údaráis áitiúla, mar chúnamh ar an gcostas a bhaineann le linnte snámha nua a sholáthar nó linnte atá ann cheana féin a athchóiriú. Ba é an spriocdháta d'iarratais a fháil faoin gClár reatha an 31 Iúil 2000 agus ó shin déileáladh le thart ar 57 iarratas nó táthar á ndéileáil leo faoi láthair. Is í an tosaíocht a bhaineann le Clár Linne Snámha reatha an Údaráis Áitiúil na tograí atá idir lámha faoi láthair. Níl tograí nua do linnte snámha á meas faoi láthair. Ach tá Tuairisc Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus Polasaí ar an gClár Linne Snámha, curtha i gcrích ag an Roinn, a dhéan scrúdú, i measc rudaí eile, ar conas a d'éirigh leis an gclár go dtí seo, na buntáistí a bhain leis sna ceantair ar tógadh na linnte iontu faoin gclár reatha agus céard iad na leasaithe, más ann dóibh, atá riachtanach le seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil an Chláir a chinntiú. Úsáidfear na moltaí sa

tuairisc mar chabhair agus polasaí á cheapadh sa réimse seo sa todhcaí, foillseofar na moltaí seo go luath.

8.6.1 Leibhéil de Chúnamh Deontais

Faoi Chlár Linne Snámha an Údaráis Áitiúil tá deontais suas le huasmhéid €3.8 milliún le fáil i dtreo athchóiriú a dhéanamh ar linnte reatha nó soláthar linnte nua, faoi réir deontais iomláin sa dá chás nach mó ná 80% de chostas cáilitheach an tionscadail nó i gcás na dtionscadal atá suite i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste, 90% den chostas cáilithe.

Caighdeáin Tógála

Ní mór go mbeadh linnte á dtógáil de réir na gcaighdeán atá leagtha síos i Nósanna Imeachta na Roinne do Phleanáil, Ceadú agus Maoiniú Linnte Snámha agus Treoirlínte Teicniúla na Roinne – tá cóipeanna de na Treoirlínte ar fáil, ach iad a iarraidh, ón Aonad na Linnte Snámha, An Roinn Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta, Fossadh, Cill Áirne, Co. Chiarraí. Uimhir Theileafóin (064) 27352.

8.6.3 Critéir Roghnóireachta do Cheadú Deontais

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na gcritéar do cheadú tionscadal faoin gClár Linne Snámha:

- an gá atá le linn snámha i gceantar ar leith;
- feiliúnacht an tsuímh mholta;
- inmharthanacht an tionscadail amach anseo, go háirithe i leith saincheisteanna oibriúcháin agus cothabhála;
- tógáil agus caighdeáin oibriúcháin áiseanna reatha;
- plean airgeadais shásúil; agus
- an riachtanas a bhaineann le leathadh cothromasach geografach cistí.

8.6.4 Gníomhas Iontaobhais

I gcás nach le húdarás áitiúil linn/suíomh, teastaíonn Gníomhas Iontaobhais do thréimhse nach lú ná 15 bliain. Tá an Gníomhas Iontaobhais seo ann le cinntiú go bhfuil infheistíocht Stáit san áis cosanta má dhíoltar é nó má stadann sé de bheith ag feidhmiú don chúis ar tógadh é.

8.6.5 Nós Imeachta Roghnóireachta

Nuair a bhíonn maoiniú ar fáil, déantar iniúchadh ar thograí ag féachaint don chritéir a leagadh amach in alt 8.6.3 thuas.

8.6.6 Conas a dhéantar Íocaíochtaí Deontais

Íoctar deontais d'Údaráis Áitiúla nuair a fhaightear deimhnithe Ailtire / sonraisc sainchomhairleora, atá deimhnithe ag Innealtóir na Comhairle. Coimeádtar méid

cothrom le 10% den deontas ar feitheamh Cuntais Chríochnaitheacha don tionscadal agus deimhniú a fháil gur comhlánaíodh an tionscadal ar gach slí.

Féadfaidh tionscadail a bheith faoi réir chuairteanna ó oifigigh nó ionadaithe Roinne le linn na tógála nó nuair a gcomhlánaítear an tionscadail. Forchoimeádann an Roinn an ceart coinníollacha breise nó sonracha a shonrú do thionscadail ar leith. Féadfaidh difríocht a bheith sna himthosca agus coinníollacha do thionscadail aonair ag brath ar mhéid an deontais, costas an tionscadail, cineál agus stádas an tionscadail atá ag fáil cabhrach.

8.7 Mórthionscadail Spóirt

Bainistítear a leithéid de thionscadail (mar shampla Linn Snámha 50 méadar) ar aon dul leis na beartais ábhartha Rialtais agus AE agus nósanna imeachta soláthair phoiblí náisiúnta – atá leagtha amach i bhfoilseacháin ábhartha an AE agus na Roinne Airgeadais atá le fáil ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

8.8 Scéim Faoisimh Chánach ar Dheonacháin déanta i leith Tionscadail Chaipitil Spóirt

Forálann Alt 41 den Acht Airgeadais, 2002 do scéim faoisimh chánach do dheonacháin ábhartha do chomhlachtaí spóirt ceadaithe do mhaoiniú tionscadal spóirt ceadaithe.

8.8.1 Critéir

- Baineann an scéim seo le deonacháin níos mó ná €250 a dhéantar i dtreo costas tabhaithe ag comhlacht spóirt ceadaithe i leith tionscadail spóirt, ceannach talún san áireamh, tar éis an 1 Bealtaine 2002.

- Is í an bhuaic ar an méid ar féidir faoiseamh cánach a éileamh ina aghaidh €40 milliún.

- Ní mór an deonachán a thabhairt go toilteannach agus nach mbeidh leas ar bith le baint ag an deontóir as.

- Ní mór ceadúnú a fháil roimh ré ó na Coimisinéirí Ioncaim mar aon leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta sular féidir le comhlacht a bheith ag fáil deonachán ar féidir faoiseamh cánach a éileamh ina gcoinne.

8.8.2 Cé atá i dteideal éileamh a dhéanamh?

- Más cáiníocóir ÍMAT an deontóir éilíonn an comhlacht spóirt faoiseamh cánach ag ráta teorannach an deontóra.

mar shampla, má thugann pearsa aonair ar an ardráta cánach (42%) deonachán €580 do chomhlacht spóirt. Beidh an comhlacht spóirt in ann €420 a éileamh ó na Coimisinéirí Ioncaim ag deireadh na bliana cánach, .i. an méid cánach atá íoctha ag an deontóir cheana féin do na Coimisinéirí Ioncaim, glanmhéid €580.

- Beidh cáiníocóirí aonair ar an gcóras féinmheasúnaithe in ann faoiseamh a éileamh ar a dtuairisceáin chánach bhliantúla mar asbhaint dá n-ioncam iomlán.

- Féadfaidh aonán corparáideach faoiseamh ar dheonachán a éileamh trí dhéileáil leis mar chaiteachas trádála inasbhainte.

8.8.3 Comhlachtaí Spóirt Ceadaithe

Ní mór do chomhlacht spóirt atá ag lorg ceadúnaithe faoin scéim seo na doiciméid seo a leanas a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim ar dtús;

- deimhniú a dheimhníonn go mbaineann an comhlacht i gceist le halt 235 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. I bhfocail eile, comhlacht atá ann a bunaíodh d'aonghnó chun cluichí amaitéaracha nó spóirt a chur chun cinn agus atá a ioncaim díolmhaithe ó cháin, agus

- teastas imréitigh cánach reatha agus bailí.

Ansin ní mór sonraí faoina dtionscadal spóirt a sheoladh, mar aon le foirm iarratais, chuig an Aonad Caipitil Spóirt ag an seoladh céanna atá luaite ag 8.5.5. thuas. Tá an tAonad Caipitil Spóirt freagrach as tionscadail a chéadú mar thionscadail bhailí chun críche na scéime.

Tabhair faoi deara go mbaineann an scéim go docht le comhlachtaí spóirt ceadúnaithe amháin agus nach mbaineann sé le grúpaí pobail, bannaí áitiúla, gasóga/banóglaigh agus araile.

8.8.4 Tionscadail Cheadaithe

Measann an tAonad Caipitil Spóirt cibé an bhfuil tionscadal bailí faoi na forálacha atá leagtha síos in Alt 41 den Acht Airgeadais, 2002. Ciallaíonn "tionscadal ceadaithe" ceann amháin acu seo a leanas:

- ceannach, tógáil nó athchóiriú foirgnimh nó struchtúir, nó cuid d'fhoirgneamh nó struchtúr, atá le húsáid do ghníomhaíochtaí spóirt nó áineasa a sholáthraíonn an comhlacht spóirt ceadaithe.

- talamh a cheannach atá le húsáid ag an gcomhlacht spóirt ceadaithe maidir le soláthar áiseanna spóirt nó áineasa,

- ceannach trealamh atá bunaithe go buan (seachas trealamh pearsanta) le húsáid ag an gcomhlacht spóirt ceadaithe maidir le soláthar áiseanna spóirt nó áineasa,

- páirceanna imeartha, dromchlaí nó áiseanna an chomhlachta spóirt ceadaithe a fheabhsú, agus

- aisíocaíocht ar, nó íocaíocht ar ús, ar airgead ar iasacht ag an gcomhlacht spóirt ceadaithe ar nó i ndiaidh an 1 Bealtaine 2002 chun críche aon cheann de na cúiseanna a luadh in ailt (a) go (d).

Má mheastar go bhfuil an tionscadal bailí eisítear deimhniú ceadaithe chuig an gcomhlacht spóirt ceadaithe agus cuirtear na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoin tionscadal ceadaithe.

8.9 Pearsanra & Riarachán Ginearálta.

Tá an Roinn freagrach as raon rialachán a chur i bhfeidhm a áiríonn téarmaí coinníollacha fostaíochta foirne na Roinne. Cinneann an Roinn Airgeadais na rialacháin seo ó am go ham agus cuirtear iad seo in iúl do na Ranna Rialtais uile trí Chiorcláin agus déileáiltear leo seo i Leabhar Tagartha Alt 16 – na Roinne Airgeadais – Rialachas agus Cleachtais – An tAcht Saorála Faisnéise, 1997 (atá le fáil ón Roinn Airgeadais Sráid Mhuirfean Uachtarach, Baile Átha Cliath 2).

I bhformhór na gcásanna, éilítear ar Aonad Acmhainní Daonna Ciorcláin a chur i bhfeidhm go docht ar aon dul leis na coinníollacha atá leagtha amach amhlaidh. I líon beag cásanna áfach, ceadaítear méid áirithe discréide. Tá na ciorcláin agus litreacha éagsúla ar fáil do chomhairle ghinearálta na bhfoirne, comhlachais eile agus foireann uile na Roinne.

8.9.1 Aisíoc Scéim na dTáillí Oideachais

Riarann an tAonad Tacaíochta Forbartha Corparáidí aisíoc scéim na dtáillí oideachais. Faoin scéim féadfaidh iarratasóir aisíoc iomlán a fháil ar tháillí tar éis a scrúdaithe a chríochnú. Tá na rialacha a bhaineann le rialú fheidhmiú na scéime leagtha síos i gciorclán 21/78 na Roinne Airgeadais. D'fhonn na scéime a reáchtáil ar bhealach cothrom agus cothromasach, tá scothdháta le hiarratais a fháil i bhfeidhm ag an Roinn.

8.9.2 Scéim Dhámhachtainí Fiúntais

Faoin Scéim Dhámhachtainí Fiúntais, tá suas le 0.2% d'fho-mhírcheann A1 na Roinne – Tuarastail, Pá agus Liúntais - ar fáil do bhliain ar leith do dhámhachtainí do bhaill foirne mar aitheantas ar fheidhmíocht eisceachtúil dualgais. Is é an Coiste Comhairleach Bainistíochta i gcomhairle le bainistíocht líne a bhronnann na dámhachtainí fiúntais.

8.9.3 Saoire Speisialta

Forálann Ciorclán 28/91 na Roinne Airgeadais do sholáthar suas le cúig lá de shaoire speisialta le híocaíocht d'fhoirne i gcás tinnis nach raibh coinne leis nó tinneas tromaí garghaoil. Déileálann An tAonad Acmhainní Daonna leis an téarma “gan choinne agus tromaí” ar shlí chomh híogair agus is féidir.

8.9.4 Saoire Bhliantúil a thabhairt ar aghaidh

Cuireann an tAonad Acmhainní Daonna timthriall trí bliana de shaoire bhliantúil i bhfeidhm mar a fhorordaíonn Ciorclán 26/85 na Roinne Airgeadais. I gcásanna eisceachtúla áfach, measfaidh an tAonad Acmhainní Daonna iarratais bhaill foirne aonair saoire nach bhfuil tógtha a thabhairt ar aghaidh lasmuigh de thréimhse an timthrialla. Meastar gach iarratas bunaithe ar an bhfiúntas a bhaineann leis.

8.9.5 Ardú Céime

Nuair a bhíonn folúntais foirne á líonadh, comhlíonann an Roinn a hoibleagáidí uile mar atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais, i ndáil le painéil idir-rannacha agus earcaigh nua. Líonann sí freisin, áit ar cuí, folúntais inmheánacha trí ardú céime a thabhairt do bhaill foirne atá ag obair ann. Is é an Coiste Comhairleach Bainistíochta, i gcomhairle le, áit ar cuí, leasanna foirne, na córais a bheidh in úsáid d'arduithe céime den chineál sin.

8.9.6 Earcaíocht

Gan ach beagán eisceachtaí, earcaítear foirne na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus gach Roinn Rialtais eile, trí an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí trí chomórtais a fhógraítear sa Phreas Poiblí.

8.9.7 Oiliúint

Cuireann an tAonad Tacaíochta Forbartha Corparáidí cláir oiliúna ar fáil maidir le riachtanais shonracha oiliúna agus forbartha a aithníodh. Le cois oiliúna intí, baineann an Roinn úsáid éifeachtach as acmhainní agus saineolas Lárionad d’Fhorbairt Bainistíochta agus Eagrúcháin (LFBE).

8.9.8 Sláinte, Sábháilteacht agus Leas

Oibríonn an Roinn ar mhaithe le comhlíonadh go hiomlán le reachtaíocht i leith sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhfostaithe a bhaint amach agus daoine eile a chosaint in aghaidh rioscaí ar shábháilteacht agus sláinte i dtaca le gníomhaíochtaí oibre na Roinne.

8.9.9 Soláthar Earraí agus Seirbhísí

Tá bronnadh conarthaí (conarthaí TF san áireamh) na Roinne de réir na nósanna imeachta atá luaite i bhfoilseacháin agus ciorcláin na Roinne Airgeadais, áit ar cuí, agus déileáiltear leo seo i Leabhar Tagartha Alt 16 – na Roinne Airgeadais – Rialachas agus Cleachtais – An tAcht Saorála Faisnéise, 1997 (atá le fáil ón Roinn

Airgeadais, Sráid Mhuirfean Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 nó ón www.finance.gov.ie).

8.9.10 Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

In 2005, d'fhorbair an Roinn Scéim faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, a bhí ceadaithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tháinig an scéim trí bliana i bhfeidhm an 1 Iúil 2005 agus leagann sé amach an raon seirbhísí atá ar fáil ón Roinn trí Ghaeilge. Tá téacs iomlán na Scéime ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.arts-sport-tourism.gov.ie

8.9.11 Dílárú

Faoi chlár díláraithe an Rialtais, is é an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ceann de na "Ranna is túisce atá ag dílárú" agus tá súil go dtarlóidh an t-aistriú buan nua chuig foirgneamh i gCill Airne sa cheathrú ráithe de 2007.

Tá trí cinn de ghníomhaireachtaí na Roinne ainmnithe le hathlonnú freisin; tá Comhairle Spóirt na hÉireann ag dul go Cill Airne, tá An Chomhairle Ealaíon ag dul go Cill Chainnigh agus tá *Fáilte Ireland* ag dul go Mala. Níl tréimhsí ama ar bith leagtha amach do na haistrithe seo.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise
Leabhar Tagartha Alt 15

Cuid D - Aguisíní

- Tábla achoimre de tháillí iníoctha
- Bileog mhíniúcháin maidir le hiarrataí déanta trí ríomhphost
- Foirmeacha Iarratais SF
- Gluais Téarmaí

Táillí nach mór a bheith le hiarrata/iarratas athbhreithnithe SF:

Cineál Iarrata/Iarratais	Táille Caighdeánach*	Táille Laghdaithe * **
Taifead a iarraidh		
Iarraidh Bunaidh	€15	€10
Athbhreithniú Inmheánach	€75	€25
Athbhreithniú an Choimisinéara Faisnéise	€150	€50
Taifead a bhfuil faisnéis phearsanta ann a iarraidh	Níl táille i gceist	Níl táille i gceist
Iarratas faoi alt 17 do leasú taifid a bhfuil faisnéis phearsanta mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach ann	Níl táille i gceist	Níl táille i gceist
Iarratas faoi alt 18 do chúiseanna a bhain le cinneadh a bhfuil tionchar aige ar an bpearsa aonair	Níl táille i gceist	Níl táille i gceist

** Ní bheidh táille i gceist áit a ndéanann duine achomharc in aghaidh cinnidh táillí nó éarlais a ghearradh, nó táille nó éarlais de mhéid áirithe faoi alt 47 den Acht SF*

*** Beidh táille laghdaithe i gceist i leith tríú páirtithe a dhéanann achomharc in aghaidh cinnidh chomhlachta poiblí faisnéis a chur ar fáil ar mhaithe le leas an phobail*

- Cuardach agus aisghabháil: €20.95 an uair
- Táillí cóipeála
  - Fótachóip an leathanaigh: €0.04
  - Diosca flapach: €0.51
  - CD-ROM: €10.16
  - Radagraf: €6.35

IARRATAÍ SF TRÍ RÍOMHPHOST

Níl iarrataí SF bailí **ach amháin** nuair a fhaightear an táille réamhíoctha i gcás iarrataí neamhphearsanta agus má dhéantar iad a sheoladh chuig **foi@dast.gov.ie** i bhformáid ghnáth-théacs – níl iarrataí a chuirtear chuig seoltaí ríomhphoist ball foirne aonair bailí. Tabhair faoi deara le do thoil tar éis iarraidh a chur trí ríomhphost go measfar go bhfuil an seoltóir ar an eolas faoi agus gur thoiligh sé/sí leis na nithe seo a leanas:

- Cé gur féidir iarrataí a chur trí ríomhphost, ní féidir iarraidh neamhphearsanta SF a mheas bailí go dtí go bhfuil an táille réamhíoctha faighte ag an Roinn.

- Ní mheasfaidh an Roinn seo iarrataí ríomhphoist mar iarrataí atá faighte ach amháin nuair atá an ríomhphost oscailte sa Roinn agus go bhfuil admháil curtha chuig an seoltóir. Go dtí go bhfuil admháil tugtha go bhfuil an ríomhphost faighte, meastar nach bhfuil an ríomhphost faighte ag an Roinn.

- Tabhair faoi deara le do thoil nach ráthaíonn fógra chuig an seoltóir ar iarraidh ríomhphoist trí chóras an “admhála fillte” nó “tuairisce seachadta” go bhfuil an ríomhphost faighte sa Roinn seo. Ní mheasfaidh an Roinn seo an t-iarratas ríomhphoist mar iarratas atá faighte ach amháin nuair atá an ríomhphost oscailte sa Roinn agus go bhfuil admháil curtha chuig an seoltóir i gceist.

- I gcás go bhfaigheann an Roinn iarraidh ríomhphoist lasmuigh d'uaireanta oifige, osclófar é an lá oibre dár gcionn agus cuirfear admháil chuig an seoltóir ar an lá sin. Ní mheasfar an iarraidh mar faighte go dtí go bhfuil an t-admháil tugtha don seoltóir.

Ní féidir leis an Roinn rúndacht aon chumarsáidí a sheoltar trí ríomhphost a ráthú.

IARRATAÍ SF - FOIRM IARRATAIS

Iarraidh do Rochtain ar Thaifid faoin Acht SF, 1997 agus Acht SF (Leasaithe), 2003

Úsáid BLOC litreacha le do thoil

Sonraí an Iarratasóra

Sloinne :_____

Céad Ainm :_____

Seoladh Poist: _____

_____

_____

Uimhir/Uimhreacha Teileafóin

Baile:_____
Gnó:_____

D'úsáid Oifige Amháin

An Dáta a Fuarthas an Iarraidh SF

_____
Céannacht Deimhnithe ❑_____
Toiliú Deimhnithe ❑_____

Faisnéis Phearsanta

Sula dtugtar rochtain duit ar fhaisnéis phearsanta a bhaineann leat féin, b'fhéidir go n-iarrfar cruthúnas céannachta ort.

Foirm Rochtana

Is é mo rogha foirm rochtana:
(cuir tic sa bhosca a oireann duit)

- ❑ cóipeanna de na taifid a fháil sa phost
- ❑ eile – sonraigh le do thoil

_____

Sonraí an Iarrata

De réir alt 7 den Acht SF, iarraim rochtain ar thaifid atá:
(Cuir tic sa bhosca feiliúnach) Pearsanta ❑ Neamhphearsanta ❑
(Le do thoil déan cur síos ar na sonraí chomh maith agus is féidir leat sa spás atá ar fáil. Má tá faisnéis phearsanta á lorg agat, sonraigh go beacht ainm an duine a bhfuil na taifid á gcoimeád faoi le do thoil. Go hiondúil ní thabharfar rochtain duit ar fhaisnéis phearsanta duine éigin eile mura bhfuil toiliú i scríbhinn an duine sin faighte agat)

Iarraim na taifid seo a leanas: _____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

SÍNIGH ANSEO LE DO THOIL _____
DÁTA_____

Sonraí teagmhála Comhlachtaí gaolmhara nó Comhlachtaí laistigh nó faoi choimirce na Roinne a n-áirítear faoi SF – ní mór iarrataí SF a dhéanamh go díreach chuig na comhlachtaí seo:

Gníomhaireacht/COMHLACHT	Sonraí Teagmhála	Príomh-Fhreagrachtaí
Ard-Mhúsaem na hÉireann Sráid Chill Dara Baile Átha Cliath 2	Teileafón: (01) 6486 438 Facs: (01) 6486 462 Ríomhphost: mdowling@museum.ie Láithreán Gréasáin: www.museum.ie	• An bailiúchán náisiúnta déantán a bhainistiú.
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Sráid Chill Dara Baile Átha Cliath 2	Teileafón: (01) 603 0200 Facs: (01) 676 6690 Ríomhphost: info@nli.ie Láithreán Gréasáin: www.nli.ie	• Bailiú, caomhnú agus cur i láthair leabhar agus lámhscríbhinní a bhfuil suim ag Éireannaigh iontu. • Seirbhís ghinealaigh. • Cartlann fhótagrafach náisiúnta.
An Chartlann Náisiúnta Sráid an Easpaig Baile Átha Cliath 8	Teileafón: (01) 407 2300 Facs: (01) 407 2333 Ríomhphost: mail@nationalarchives.ie Láithreán Gréasáin: www.nationalarchives.ie	• Caomhnú taifead a bhaineann le hÉirinn ar fiú iad a chaomhnú mar ábhar cartlainne. • A chinntiú go ndéantar socruithe cuí do rochtain phoiblí ar chartlainne.
Dánlann Náisiúnta na hÉireann Cearnóg Mhuirfean Thiar Baile Átha Cliath 2	Teileafón: (01) 661 5133 Facs: (01) 661 5372 Ríomhphost: info@ngi.ie Láithreán Gréasáin: www.nationalgallery.ie	• Cóiríocht a sholáthar do bhailiúcháin ealaíne náisiúnta agus aire a thabhairt dóibh. • Cúrsaí ealaíne, ceardlanna agus gníomhaíochtaí for-rochtana a sholáthar.
An Ceoláras Náisiúnta Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2	Teileafón: (01) 417 0077 (Riarachán) Facs: (01) 417 0078 Ríomhphost: info@nch.ie Láithreán Gréasáin: www.nch.ie	• Léiriúcháin cheolmhara a reáchtáil. • Tabhairt faoi chlár oideachais cheolmhair ar fud na tíre.
Leabharlann Chester Beatty Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2	Teileafón: (01) 407 0750 Facs: (01) 407 0760 Ríomhphost: foi@cbl.ie Láithreán Gréasáin: www.cbl.ie	• Músaem agus leabharlann ealaíne d'ealaín agus lámhscríbhinní Oirthearacha; lámhscríbhinní agus téacsanna luath-Chríostaí agus iartharacha freisin.
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann An tOspidéal Ríoga An Bóthar Míleata Cill Mhaighneann Baile Átha Cliath 8	Teileafón: (01) 612 9900 Facs: (01) 612 9999 Ríomhphost: info@modernart.ie	• Bailiú agus cur i láthair nua-ealaíne agus ealaíne comhaimseartha.

	Láithreán Gréasáin: www.modernart.ie	
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann 45 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2	Teileafón: (01) 676 1610 Facs: (01) 662 3832 Ríomhphost: irmss@eircom.net Láithreán Gréasáin: www.irmss.ie	• Tuairisciú ar lámhscríbhinní agus pháipéir a mbaineann suim litearthachta, stairiúla nó ghinearálta leo, a bhaineann le hÉirinn, is cuma más faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí atá siad agus comhairle a thabhairt ar a gcaomhnú agus a bhfoilsiú.
An Chomhairle Ealaíon 70 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2	Teileafón: (01) 618 0200 Facs: (01) 661 0349 Ríomhphost: info@artscouncil.ie Láithreán Gréasáin: www.artscoucil.ie	• Suim an phobail a spreagadh agus a chur chun cinn sa mhéid faisnéise, measa agus i gcleachtas na n-ealaíon. • Príomh-mhodh maoinithe an Stáit do na healaíona. • Comhlacht comhairleach don Rialtas ar nithe a bhaineann leis na healaíona.
Culture Ireland An Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta Seomra 3.32 Foirgnimh Fhreidric Sráid Fhreidric Theas Baile Átha Cliath 2	Teileafón: (01)6313905/3994/3917 Facs: (01) 6313956 Ríomhphost: cultureireland@dast.gov.ie	Bunaíodh *Culture Ireland* in 2005 mar ghníomhaireacht náisiúnta do chur chun cinn na n-ealaíon i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Is féidir le gníomhaíochtaí sonracha *Culture Ireland* na nithe seo a leanas a áireamh, ach ní gá go mbeadh sé teoranta dóibh seo amháin:- • Deontais a Thabhairt: d'ealaíontóirí Éireannacha nó eagraíochtaí ealaíon bunaithe ar iarratais a rinneadh cabhair den sórt seo a fháil agus luacháil déanta de réir chritéar thrédhearcaigh a chinnfidh agus a fhoilseoidh *Culture Ireland*. • Rannpháirtíocht Éireannach in imeachtaí ealaíon idirnáisiúnta straitéiseacha a mhaoiniú agus a éascú. • Imeachtaí nó

		gníomhaíochtaí speisialta comharthacha, cultúrtha agus ealaíonta in Éirinn nó thar lear a bhainistiú mar a theastaíonn ón Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. • Comhairle a thabhairt don Aire faoi ealaíona idirnáisiúnta agus gnóthaí cultúrtha agus cabhair a bhíonn ag teastáil ón Aire ó am go ham a sholáthar.
Bord Scannán na hÉireann Geata na Banríona 22 Bóthar na Duganna Gaillimh	Teileafón: (091) 561 398 Facs: (091) 561 405 Ríomhphost: info@filmboard.ie Láithreán Gréasáin: www.filmboard.ie	• Cabhrú le forbairt agus léiriú scannán Éireannach ón script go dtí an scáthlán. • Margaíocht, díolacháin agus dáileadh scannán Éireannach a fheabhsú. • Oiliúint agus forbairt a chur chun cinn sna réimsí uile a bhaineann le déanamh scannán. • Éire a chur chun cinn thar lear mar ionad déanta scannán.
Comhairle Spóirt na hÉireann Urlár Uachtair Bloc A Páirc Ghnó West End Baile Bhlainséir Baile Átha Cliath 15	Teileafón: (01) 860 8800 Facs: (01) 860 8880 Ríomhphost: info@irishsportscouncil.ie Láithreán Gréasáin: www.irishsportscouncil.ie	• Spóirt a fhorbairt in Éirinn. • Deontais a sholáthar do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt. • Scéim Cardála Idirnáisiúnta, Scéim Spóirt agus Áineasa do Dhaoine Óga agus Clár Frith-Dhópála a riaradh.
Campus & Stadium Ireland Development Ltd. Urlár Uachtair, Bloc A Páirc Ghnó West End Baile Bhlainséir Baile Átha Cliath 15	Teileafón: (01) 8097300 Facs: (01) 809 7332 Ríomhphost: info@sportscampusireland.ie Láithreán Gréasáin: www.csid.ie	• Maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil, forbairt agus soláthar na n-eilimintí uile a bhaineann le Campas Spóirt ag Baile an Aba, Co. Bhaile Átha Cliath.
Rásaíocht Capall Éireann Thoroughbred County House An Chill Co. Chill Dara	Teileafón: (045) 842800 Facs: (045) 842801 Ríomhphost: info@horseracingireland.ie Láithreán Gréasáin: www.horseracingireland.ie	• Riaradh, forbairt agus cur chun cinn thionscal rásaíochta capall na hÉireann, forbairt ráschúrsaí údaraithe san áireamh. • Feidhmiú geallghlacadóirí údaraithe a rialú. • Imeachtaí rásaíochta a

		shocrú agus cláir rásaíochta a leagan amach. • Feidhmiú ráschúrsaí faoi úinéireacht an Údaráis. • Suimitheoir a fheidhmiú ag gach ráschúrsa. • Feidhm na clárlainne a fheidhmiú, mar shampla iontrálacha i rásaí capall, clárú úinéirí agus araile. • n capall folaíochta Éireannaí a chur chun cinn in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.
Bord na gCon 104 Sráid Anraí Luimneach	Teil: (061) 316 788 Facs: (061) 316 739 Ríomhphost: admin@igb.ie Láithreán Gréasáin: www.igb.ie	• Tionscal na gcúnna a chur chun cinn agus a fhorbairt. • Ceadúnú rás-rianta con. • Cúnamh deontais a sholáthar chun feabhas a chur ar thaitneamhachtaí. • Leagan amach imeachtaí rásaí agus imeachtaí rásaíochta. • Feidhmiú agus ceadúnú geallghlacadóirí ar cúrsa a rialú. • Oibritheoir ceadúnaithe Suimitheoirí atá i mbun geallta a chur ar chúnna.
Fáilte Ireland	Oifig Shráid Bhagóid, Baile Átha Cliath 2: Teileafón: 1850 230 330 (faisnéis) (01) 602 4000 (riarachán) Facs: (01) 602 4100 Oifig Shráid Amiens, Baile Átha Cliath 1: Teileafón: 1850 256 256 (faisnéis) (01) 884 7700 (riarachán) Facs: (01) 855 6821 Ríomhphost: chun sonraí teagmhála ríomhphoist a fháil déan teagmháil le	Trí bheith ag obair le grúpaí sa tionscal, cuirfidh *Fáilte Ireland* forbairt na turasóireachta in Éirinn chun cinn agus tacóidh sé leis ar na bealaí seo a leanas: • Deiseanna gnó atá ag teacht chun cinn a aithint • Iomaitheoirí in áiteanna eile a thagarmharcáil • Prionsabail den chleachtas turasóireachta is fearr a aithint & a chur chun cinn • Caighdeáin feabhais i seirbhís do chustaiméirí a bhunú & a chur chun cinn

	http://failteireland.ie/contact.asp Láithreán Gréasáin: www.failteireland.ie	• Forbairt táirgí nua turasóireachta a spreagadh & tacú leo • Tairiscintí margaíochta suimiúla a fhorbairt do tháirgí turasóireachta & tacú le margaíocht tionscail (*Tourism Ireland Ltd*. a bheidh i gceannas ar thionscnaimh mhargaíochta thar lear). • Cur le hacmhainn ag gach leibhéal laistigh den tionscal • Leanúint leis an margadh turasóireachta fíorthábhachtaí sa bhaile a fhorbairt agus a chur chun cinn • Deireadh a chur le bacainní ar fhorbairt laistigh den timpeallacht ghnó níos leithne • Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht tionscail & taithí chustaiméirí • Tacaíocht a sholáthar don sé Údarás Turasóireachta Réigiúnacha.
Tourism Ireland An Cúigiú hUrlár Cearnóg an Easpaig Cnoc Réamainn Baile Átha Cliath 2	Teil: + 353 1 476 3400 Facs. + 353 1 476 3642 ríomhphost: info@tourismireland.com Láithreán Gréasáin: www.tourismireland.com	Seo a leanas a dhéanann *Tourism Ireland Ltd*. – comhlacht a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta • Níos mó turasóireachta a chur chun cinn ar oileán na hÉireann • Tacaíonn sé leis an tionscal i dTuaisceart Éireann a phoitéinseal a bhaint amach • Tá ról margaíochta straitéisí aige maidir leis na háiteanna a roghnaíonn turasóirí do shaoire • Tugann sé faoi ghníomhaíochtaí margaíochta agus bolscaireachta réigiúnaí/táirge thar ceann *Fáilte Ireland* agus an *Northern Ireland Tourist Board*.

Gluais Téarmaí

ROCHTAIN	Scéim Tacaíochta Feabhais Chaipitil na nEalaíon agus Cultúir
Buiséad Riarthach	An méid den Vóta bliantúil leithdháilte do chaiteachas riarthach agus nach mbaineann leis an gclár
Cuntas Leithghabhála	Cuntas comhardaithe bhliantúil ar conas a caitheadh an Vóta
Clár Sócmhainní	Clár de na míreanna a ceannaíodh agus/nó atá á gcoimeád ag an Roinn
SLG	Scéim Leathnaithe Gnó do Cheol
SDFC	Scéim Dreasachta um Fhorbairt Chultúir
CERT	Gníomhaireacht Stáit d'Oideachas, Earcaíocht agus Oiliúint don Tionscal Ostáin, Lónadóireachta agus Turasóireachta
Ciorclán	Fógra Oifigiúil a chuireann faisnéis, beartas, treoirlínte nó comhairle in iúl, agus eisithe ag an Roinn Airgeadais go hiondúil
Comhairle na Roinne	Fóram do phlé bainistíochta & ceardchumainn laistigh den Roinn
REST	An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
CFRE	Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa
CSE	Ciste Sóisialta na hEorpa
Meastachán	Meastachán réamh-mheasta Roinne ar ioncam agus caiteachas, meastachán a chuirtear faoi bhráid an Oireachtais ar bhonn bliantúil chun é cheadú
AE	An tAontas Eorpach
CBA	Córas Bainistíochta Airgeadais Ríomhairithe a úsáidtear i dtaca le Cuntais
SF	An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997
CBAD	Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna
IONCHUR	Scéim Molta Foirne a thugann aitheantas do smaointe maidir le feabhas a chur ar sheirbhís, éifeachtúlacht nó a chruthaíonn coigiltis don Stát
PFN	Plean Forbartha Náisiúnta
Scéim Dhámhachtainí Fiúntais	Scéim trínar féidir céatadán den vóta bliantúil do thuarastail a bhronnadh ar oifigigh ar leith as ucht obair den scoth a dhéanamh
ECFE	Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíoch
Fógra Oifige	Doiciméad inmheánach a thugann stiúir, treoir nó comhairle
TMTTL	Tionscnamh Margaíochta do Thurasóireacht Thar Lear
CCP	Coiste um Chuntais Phoiblí na Dála
CRP	Córas Riaracháin Phearsanra, córas ríomhaireachta a úsáideann Aonaid Phearsanra sa Státseirbhís
ABSP	An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997
TMTR	Tionscnamh Margaíochta do Thurasóireacht Réigiúnach
Alt 481	Deimhniú tionscadal scannán ar mhaithe le dreasachtaí cánach
Shannon Development	*Shannon Free Airport Development Co*., freagrach as Forbairt Thionsclaíoch agus nithe a bhaineann le turasóireacht i gceantar an Mheán-Iarthair
CSÉ	Comhairle Spóirt na hÉireann
Gníomhaireachtaí Stáit	Comhlachtaí a dtagann a sainorduithe ó reachtaíocht nó údarás Rialtais eile
Cistí Struchtúracha	Cistí AE a bhfuil sé mar aidhm acu caighdeán maireachtála na tíre a thabhairt cothrom le leibhéal Eorpach
Vóta	Méid agus struchtúr caiteachais údaraithe ag an Oireachtas don Roinn i mbliain ar bith
WTO	An Eagraíocht Turasóireachta Domhanda